INSTITIÚID OIDEACHAIS
MARINO
INSTITUTE OF EDUCATION

*An Associated College of*
*Trinity College Dublin, the University of Dublin*














# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022 – 2023

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin




# Clár



Fáilte ón Ollamh Eoin O'Sullivan, Cathaoirleach, agus ón Ollamh Teresa O'Doherty, Uachtarán, le chéile ............. 5
Roghbhlúirí ó Bhliain Amháin ag IOM ......................... 8
Rialachas – Bord Rialaithe IOM 2022/2023 .................. 10
Tuairiscí maidir le Ceannaireacht .............................. 12
Pleanáil Straitéiseach 2021-2026 .............................. 15
Teagasc agus Foghlaim ........................................... 17
Saol na Mac Léinn agus an Spóirt .............................. 21
Inbhuanaitheacht ................................................. 32
Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ................................... 37
Folláine agus Séiplíneacht ...................................... 41
Tionscadail agus Foilseacháin .................................. 46
Tionscadail Bhonneagair ......................................... 50
Buaicphointí na Bliana ........................................... 53
Cóiríocht Fóirdheontais ag IOM ................................ 57
Buaicphointí Airgeadais .......................................... 59



# Fáilte

## ÓN OLL. EOIN O'SULLIVAN, CATHAOIRLEACH, AGUS ÓN OLL. TERESA O'DOHERTY, UACHTARÁN, LE CHÉILE





Sa tuarascáil seo clúdaítear an bhliain acadúil ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023 agus tarraingítear aird ar rath agus éachtaí iomadúla na foirne agus na mac léinn ar fud na hInstitiúide. Is cúis mhór áthais dúinn an tuarascáil seo a chur i láthair, ina léirítear cuid mhaith den athnuachan saoil agus fuinnimh a bhí mar shaintréith ag IOM roimh COVID-19. D'oibrigh mic léinn agus baill foirne as lámha a chéile chun an meon pobail agus gníomhaíochta a athchruthú; roinn siad tionscadail agus uaillmhianta, agus tá siad seo ar fad de dhlúth agus d'inneach an tsaoil ag Marino. Bhí tiomantas ár gcuid mac léinn le sonrú go soiléir sa leibhéal is airde rannpháirtíochta le StudentSurvey.ie i measc mac léinn ar fud earnáil an ardoideachais in 2022-2023.

Ó bunaíodh an Coiste Campais Ghlais, tá mic léinn agus baill foirne ag obair as lámha a chéile chun díriú ar an inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar fud gach gné de shaol an choláiste. Tá campas IOM ag leanúint de dheiseanna a oiriúnú agus a fhorbairt chun cuir chuige inbhuanaithe a chomhtháthú inár gcuid oibre ar fad agus laistigh dár gcuraclam.

Tréimhse fáis leanúnaigh a bhí ann d'IOM i mbliana inar tháinig méadú 5% ar líon ár mic léinn agus is léiriú é seo ar thiomantas na foirne don Institiúid. Tháinig méadú ar ár nOifig Thaighde, inar ceapadh Oifigeach Taighde nua agus inar cuireadh ceardlanna maidir le scríbhneoireacht acadúil ar fáil don fhoireann. Faomhadh an Straitéis Taighde agus beidh sí seo ina cuidiú le fás agus forbairt mol taighde fócasaithe a chothú sa todhchaí. Reáchtálamar dhá imeacht taighde a raibh an-rath orthu idir Scoil an Oideachais TCD agus IOM, agus ba léiriú iad seo ar na deiseanna chun taighde comhoibríoch leanúnach a roinnt agus tionscadail a chruthú don todhchaí.

Bíonn IOM i gcónaí ag léiriú a thiomantais d'éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn ar go leor bealaí. Sa tionscadal DICE, cuireadh deiseanna rialta ar fáil do mhic léinn agus baill foirne páirt a ghlacadh i gcláir, comhdhálacha, ceardlanna agus gníomhaíochtaí ealaíon le linn na bliana. I dTionscadal na Múinteoirí Imirceacha (Migrant Teacher Project, nó MTP) leanadh de thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ar cuireadh oideachas orthu thar lear teacht isteach san fhórsa oibre in Éirinn. Agus ganntanas múinteoirí ann ar fud na tíre faoi láthair, tá ionchur na múinteoirí idirnáisiúnta seo níos tábhachtaí ná riamh. Bhí an-áthas orainn nasc-chlár saincheaptha a chur ar fáil chun cuidiú le múinteoirí Úcránacha a tháinig anseo le gairid le go mbeadh fáil acu ar scoileanna in Éirinn. D'fhreastail an tAire Norma Foley TD ar bhronnadh na gcéimeanna don MTP i mí an Mheithimh, agus rinneadh ceiliúradh ar ionchur na múinteoirí idirnáisiúnta seo i scoileanna in Éirinn.

Ba chúis áthais dúinn é gur éirigh linn lenár dtairiscint chun leanúint den Bhaitsiléir san Oideachas (clár B.Ed. trí mheán na Gaeilge) a chur ar fáil, rud a chinnteoidh go leanfaidh IOM den aon cháilíocht amháin sa stát trí mheán na Gaeilge do bhunmhúinteoirí a chur ar fáil go 2028-2032. Bhíomar ag brath níos mó agus níos mó i gcaitheamh na bliana ar scoileanna agus suíomhanna oideachais i mBaile Átha Cliath, ar fud na tíre, i gceantair Ghaeltachta agus i Líonra Scoileanna na hEorpa (European School Network) chun deiseanna socrúcháin a sholáthar dár mic léinn. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí agus na pobail scoile a thugann tacaíocht iontach dár mic léinn.



# Fáilte

ÓN OLL. EOIN O'SULLIVAN, CATHAOIRLEACH,
AGUS ÓN OLL. TERESA O'DOHERTY, UACHTARÁN, LE CHÉILE

Tréimhse athnuachana ab ea an bhliain atá imithe thart ag Instituid Oideachais Marino agus bhraitheamar go soiléir an fuinneamh ar cuireadh srian leis le blianta beaga anuas ag teacht ar ais arís. Lean ár gcuid mac léinn orthu agus iad i mbarr a maitheasa i réimsí na n-ealaíon, an cheoil, na drámaíochta agus an spóirt.

Más féidir a rá gur turas é an t-oideachas ann féin, b'fhiú an turas atá déanta ag Instituid Oideachais Marino a áireamh le saintuairisc scoile gnó ar bith. De réir mar a tháinig athrú ar an saol, tháinig athrú ar IOM. Rinneadh dul chun cinn iontach inár bhfís le bliain anuas agus níorbh fhéidir é seo a dhéanamh murach an cumas agus an tiomantas a léirigh ár bhfoireann agus an díograis agus an dúthracht a léirigh ár mBord Rialaithe.

Bhí Dearbhú Cáilíochta agus Feabhsú Cáilíochta mar thosaíocht go fóill ag IOM agus rinneadh Athbhreithnithe Cáilíochta ar an Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas) agus ar sholáthar TF ag IOM go rathúil. Cuireadh scaipeadh agus feasacht i leith beartas chun cinn trí obair an Choiste Cáilíochta agus d'fhorbair an fhoireann TF uirlis nuálach ríomhfhoghlama. Chuir IOM an cháipéisíocht chéadchéime isteach do phróiseas athchreidiúnaithe na Comhairle Múinteoireachta i leith gach cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí.

Tar éis próiseas Soláthair Phoiblí, bronnadh an conradh nua chun Cóiríocht Mac Léinn a bhainistiú ar Eber Living agus cuireadh pleanáil chun cinn don bhealach isteach nua agus don mhol slándála nua. Tugadh faoi athbhreithniú ar ár nósanna imeachta agus ár lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta agus forbraíodh ár bplean gníomhaíochta maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Bhí an-rath go fóill ar Bhonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide (Trinity International Foundation Programme, nó IFP) agus mealladh mic léinn ó 30 tír chuig an gcampas dá bharr. Bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh 180 rannpháirtí chuig an gcampas i mí na Bealtaine i gcomhair Chomhdháil Dhomhanda Oideachas Thar Theorainneacha Éamann Rís (Edmund Rice Education Beyond Borders).

Tá an-áthas orainn gur bronnadh bailiúchán ealaíne an Br Ken Chapman orainn, ina bhfuil deich bpictiúr bunaidh áille agus iad mar chuid de bhailiúchán ealaíne na mBráithre Críostaí a bhí ar taispeáint in Ionad Eamáús, Sord.

Lean ár gcuid mac léinn orthu agus iad i mbarr a maitheasa i réimsí na n-ealaíon agus an cheoil. Léirigh an Cumann Drámaíochta an ceoldráma *'All Shook Up'* i mí Feabhra, agus chuir ár gcumann ceoil thraidisiúnta an clár raidió Céilí House i láthair ar RTÉ le linn Sheachtain na Gaeilge. Sa taibhiú ceoil *Winter Fest* agus sa cheolchoirm *Summersong*, cuireadh ceol nua le Colm Ó Foghlú, ealaíontóir cónaithe ag IOM, i láthair agus sheinn a lán ceoltóirí cumasacha, baill de Chumann Drámaíochta IOM san áireamh, agus iad á dtionlacan ag an *Charlemont String Ensemble.*

Ó thaobh cúrsaí spóirt de, bíonn ár mic léinn ina n-ionadaithe don choláiste i réimse imeachtaí spóirt agus b'iontach an rud é gur bunaíodh foirne nua sacair agus cispheile d'fhir agus do mhná i mbliana. Tionscadal comhoibríoch idir mic léinn reatha, céimithe agus baill foirne is ea an traenáil i ngach spórt.

Is ar bhonn deonach a oibríonn baill an Bhoird Rialaithe agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a seirbhís fhial d'IOM . I mí na Nollag 2022, d'éirigh an tOll. Linda Hogan as an mBord tar éis di seirbhís dhúthrachtach a dhéanamh ar son IOM le deich mbliana anuas, mar bhall den bhord ar dtús idir 2013 - 2017 agus mar chathaoirleach idir 2017 - 2022. Faoina stiúirse iontach, lean IOM dár n-aistear rathúil fáis agus forbartha agus d'athshamhlaíomar ár misean agus ár bhfís, á gcur in iúl sa Phlean Straitéiseach, Oideachas ag Bunathrú Saolta chun Feabhais, 2021 - 2026. Sa Phlean seo, leagtar clár oibre uaillmhianach síos do thodhchaí IOM, agus leagtar treoir shoiléir síos i gcomhair fás agus méadú sa todhchaí. Táimid an-bhuíoch de Linda as a ceannaireacht iontach ar an mBord.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Siobhán Ní Dhúill, a d'éirigh as an mBord sa samhradh in 2022 - gabhaimid buíochas ó chroí léi as an tacaíocht iontach a thug sí don Instituid le dhá bhliain anuas. Is cúis mhór bhróin dúinn gur cailleadh Bride Rosney, ball dár mBord, roimh am i mí Mheán Fómhair. Lean Bride dá gairm iontach agus dá hobair uathúil ar son an oideachais agus ba chúis onóra dúinn é go raibh sí mar bhall den Bhord Rialaithe (2019 - Meán Fómhair 2023) agus den Chomhairle Acadúil (2020 - 2023). Bhíodh sí flaithiúil, ní hamháin lena cuid ama, ach sa chaoi ar roinneadh sí a heolas, a léargas agus a saineolas go gnaíúil, go deisbhéalach agus go lách i gcónaí. Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis.

Ó bunaíodh í beagnach 120 bliain ó shin, tá méadú agus forbairt tagtha ar IOM agus tugtar eiseamláirí sa tuarascáil seo de na cineálacha éachtaí atá bainte amach ag an Instituid le gairid agus í ag dul i ngleic le dúshláin nua agus éagsúla i gcónaí. Gach lá, bíonn ár bhfoireann ag cinntiú go fóill go mbíonn mic léinn gafa go hiomlán lena n-obair acadúil, agus tugann siad tacaíocht dóibh le go bhféadfaidh siad páirt a ghlacadh sna himeachtaí cultúrtha agus spóirt ar fad atá de dhlúth agus d'inneach shaol an mhic léinn tríú leibhéal.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach ball foirne as tiomantas agus meon flaithiúlachta a léiriú gan staonadh.

Táimid an-bhródúil as éachtaí na foirne agus na mac léinn agus táimid ag súil go mór leis an todhchaí faoi mhaise atá i ndán d'IOM.


*Ar scáth a chéile a mhairimid.*

**An tOllamh Eoin O'Sullivan,**
**Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe**

**An tOllamh Teresa O'Doherty,**
**Uachtarán**

# Roghbhlúirí ó Bhliain Amháin

AG IOM
































# Rialachas

## BORD RIALAITHE IOM 2022/23

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | **Cathaoirleach**<br>Ceaptha ina Chathaoirleach i mí Eanáir 2023 | **An tOll. Eoin O'Sullivan**<br>Ollamh le Polasaí Sóisialta<br>Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta, TCD<br>Ceaptha ina Chathaoirleach i mí Eanáir 2023 go ceann trí bliana | **As feidhm i mí Eanáir 2026** |
| 2 | **Forbairt Campais**<br>Ceaptha i mí Mheán Fómhair 2019<br>Ceaptha arís i mí Iúil 2022 | **Ms Maria Kiernan**<br>Ailtire ag cleachtadh go príobháideach<br>Comhalta d'Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus Idirghabhálaí Creidiúnaithe | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2022**<br>**As feidhm i mí Lúnasa 2025** |
| 3 | **Oideachas agus Airgeadas**<br>Ceaptha ar an 1 Nollaig 2021 go ceann trí bliana | **An Dr Larry Jordan**<br>Príomhoide Scoile Ullmhúcháin<br>Coláiste na mBráithre Críostaí, Corcaigh | **As feidhm i mí na Nollag 2024** |
| 4 | **Oideachas**<br>Ceaptha i mí Mheán Fómhair 2019<br>Ceaptha arís i mí Iúil 2022 | **Ms Bride Rosney**<br>Rúnaí an Bhoird Iontaobhaithe<br>Fondúireacht Mháire Mhic Róibín<br>Iar-Stiúrthóir Cumarsáide RTÉ (2001-2009)<br>Comhairleoir Speisialta don Uachtarán Máire Mhic Róibín | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2022**<br>**Le dul as feidhm i mí Lúnasa 2025**<br>Éagtha anois |
| 5 | **Oideachas**<br>Ceaptha i mí Mheán Fómhair 2019<br>Ceaptha arís i mí Iúil 2022 | **Ms Anne McElduff**<br>An t-iarArd-Rúnaí Cúnta agus Ceannasaí Caidrimh Dhlíthiúil agus Thionsclaíoch<br>Cumann Múinteoirí Éireann, abhcóide agus iarmhúinteoir | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2022**<br>**As feidhm i mí Lúnasa 2025** |
| 6 | **Oideachas**<br>Ceaptha ar an 1 Nollaig 2021<br>Ceapachán trí bliana | **An tOll. Carmel O'Sullivan**<br>Ceannasaí Scoil an Oideachais<br>Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | **As feidhm i mí na Nollag 2024** |
| 7 | **Oideachas/Teangeolaíocht**<br>Ceaptha 2018-2019<br>Ceaptha arís i mí Mheán Fómhair 2019<br>Ceaptha arís i mí Mheán Fómhair 2022 | **An tOll. Lorna Carson**<br>Ceannasaí Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide agus Ollamh Comhlach le Teangeolaíocht Fheidhmeach, TCD | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2022**<br>**As feidhm i mí Lúnasa 2024** |
| 8 | **Ionadaí foirne tofa ó IOM (acadúil)**<br>Tofa i mí Mheán Fómhair 2022 | **An Dr Miriam Colum**<br>Ceannasaí Scoil an Ionchuimsithe, an Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol an Mhic Léinn IOM | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2025** |
| 9 | **Ionadaí foirne tofa ó IOM (acadúil)**<br>Tofa i mí Mheán Fómhair 2019<br>Tofa arís in 2022 | **An Dr Rory McDaid**<br>Stiúrthóir Taighde<br>IOM | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2025** |





| | | | |
|---|---|---|---|
| 10 | **Ionadaí Foirne tofa ó IOM (seirbhísí gairmiúla)**<br>Tofa i mí Mheán Fómhair 2019<br>Tofa arís i mí Iúil 2022 | **Mr Martin Lynch**<br>Bainisteoir TF<br>IOM | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2025** |
| 11 | **Airgeadas**<br>Ceaptha i mí Mheán Fómhair 2019<br>Ceaptha arís i mí Iúil 2022 | **Mr Michael Ryan**<br>IarCheannasaí McCann Fitzgerald's Tax Group<br>Iarbhall comhairle d'Fhoras Cánachais na hÉireann atá ina Chathaoirleach ar bhord eagarthóireachta an *Irish Tax Review* faoi láthair. | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2022**<br>**As feidhm i mí Lúnasa 2025** |
| 12 | **Ionadaí ó Aontas na Mac Léinn, IOM**<br>Ceapachán bliantúil<br>Ceaptha i mí an Mheithimh 2022 | **Mr Liam Heerey**<br>Uachtarán Tofa Aontas na Mac Léinn<br>IOM | **As feidhm i mí an Mheithimh 2023** |
| 13 | **Leas-Phropast, TCD.**<br>Ceaptha ar an 1 Meán Fómhair 2021 | **An tOll. Orla Sheils**<br>Leas-Phropast -<br>Príomhoifigeach Acadúil, Rúnaíocht Acadúil TCD | **As feidhm i mí Mheán Fómhair 2024** |
| 14 | **Teicneolaíocht**<br>Ceaptha i mí Feabhra 2020 | **An Dr Michael Hallissy**<br>Comhpháirtí bunaidh<br>H2 Learning | **As feidhm i mí Feabhra 2023**<br>Sínte<br>Meitheamh 2023 -<br>Meitheamh 2026 |
| 15 | **Oideachas trí Mheán na Gaeilge**<br>Ceaptha ar an 1 Bealtaine 2021<br>Ceapachán trí bliana | **Ms Síobhán Ní Dhuill**<br>Bainisteoir Cóiríochta<br>An Foras Pátrúnachta | **As feidhm i mí na Bealtaine 2024**<br>Éirithe as<br>Lúnasa 2023 |
| 16 | **I láthair**<br>De bhrí oifige | **An tOll. Teresa O'Doherty**<br>Uachtarán<br>IOM | **N/B** |
| 17 | **I láthair**<br>Ceaptha i mí na Samhna 2020<br>De bhrí oifige | **Mr Cian Mackey**<br>Príomhoifigeach Airgeadais<br>IOM | **N/B** |
| 18 | **I láthair**<br>**Rúnaíocht** | **Ms Danielle Montgomery**<br>Cúntóir Feidhmiúcháin don Uachtarán<br>Oifig an Uachtaráin<br>IOM | **N/B** |

# Tuairiscí maidir le Ceannaireacht



**An Dr Aimie Brennan**

Rinne an Dr Aimie Brennan, Déan Oideachais: Beartas, Cleachtas agus an tSochaí, agus Ceannaire Cúrsa, B.Sc. i Staidéar Oideachais, ceiliúradh ar go leor spriocanna tábhachtacha a baineadh amach le linn na bliana. Chuidigh a foireann le creidiúnú na Comhairle Múinteoireachta i leith na gclár ITE, d'oibrigh siad le mic léinn chun Bunreacht Aontas na Mac Léinn a athdhréachtú, d'fhorbair siad post sabóideach d'Uachtarán Aontas na Mac Léinn, agus sheol siad Líonra Alumni IOM. Bronnadh an chéad scoláireacht chomhchistithe idir IOM agus Socheolaíocht TCD, agus fuarthas cistiú don tionscadal STER lena iris a idirnáisiúnú. I measc na mbuaicphointí eile bhí freagairt Thionscadal na Múinteoirí Imirceacha ar riachtanais múinteoirí Úcránacha, agus gníomhaíochtaí an Choiste Campais Ghlais, an Choiste Éagsúlachta, agus DICE a chuir misean IOM chun cinn le pobal atá níos ionchuimsithí, níos inbhuanaithe agus níos córa go sóisialta a chruthú.



**An Dr Joan Kiely**

Is í Joan Kiely an Déan Oideachais agus tá sí freagrach as an gClár B.Ed., an Clár B.Sc. agus an Clár Máistreachta san Oideachas Luath-Óige a bhainistiú. Chaith Joan fiche bliain ag obair mar mhúinteoir bunscoile agus tá sí ina hoideoir múinteoirí ag IOM ó 2004 i leith. Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar an gClár BEd ó mhí Mheán Fómhair 2022 go mí an Mhárta 2023 lena fháil amach an raibh sé oiriúnach don teagasc san 21ú haois, agus ba dheis é seo do Joan agus dá foireann IOM a chur i láthair mar ionad bairr feabhais maidir le Teagasc agus Foghlaim ina gcuirtear béim ar ghuth an pháiste.





**An Dr Seán Delaney**

Chuir an Dr Seán Delaney, Leas-Uachtarán (Gnóthaí Acadúla) agus Cláraitheoir IOM, fáilte roimh Colum Cronin mar Oifigeach nua um Rannpháirtíocht na Mac Léinn agus roimh Simon Yeates, a ceapadh in ionad Louise Condon mar Oifigeach Rochtana. I measc na mbuaicphointí i mbliana bhí an Lá Oscailte ar an 19 Samhain ar ar thug timpeall 600 mac léinn ionchasach agus a dteaghlaigh cuairt ar an gcampas. I mí na Bealtaine, bhíothas in ann iarratasóirí a chur ar a suaimhneas dá n-agallaimh agus an líon is mó mac léinn riamh a ghlacadh isteach don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas trí shólaistí, cainteanna faoin múinteoireacht agus turais champais a chur ar fáil i dteannta na n-agallamh i gcomhair áiteanna sa chúrsa sin.



**Cian Mackey**

Thuairiscigh Cian Mackey, Príomhoifigeach Airgeadais agus Leas-Uachtarán um Sheirbhísí Gairmiúla, go bhfuil feidhmíocht airgeadais iarphaindéime IOM seasmhach go fóill. Tháinig méadú ar an ioncam iomlán mar gheall ar an ardú seasta ar líon na mac léinn den chuid is mó, ach tá méadú tagtha ar an gcaiteachas de réir tionchair bhoilscitheacha. Mar gheall ar bhainistiú stuama ar ioncam agus caiteachas, tá barrachas beag taifeadta ag IOM don bhliain airgeadais 2022/2023. Chun éiteas IOM a léiriú ó thaobh meas a bheith acu ar a gcuid fostaithe de, rinneadh athbhreithniú ar árachas sochair pinsin agus fostaí agus méadaíodh na ranníocaíochtaí pinsin arna gcistiú ag IOM dá bharr. Lena chois sin, gheobhaidh gach fostaí lánaimseartha nó incháilithe Plean Sochair Báis, cnapshuim ar fiú an tuarastal reatha iolraithe faoina ceathair í, mar aon le Cosaint Ioncaim.



**An Dr Gene Mehigan**

Luaigh an Dr Gene Mehigan, Leas-Uachtarán Oideachais agus Forbartha Straitéisí an tairiscint rathúil ar an gclár BOid lánaimseartha ceithre bliana trí mheán na Gaeilge san Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (múinteoirí bunscoile) mar cheann de na buaicphointí i mbliana. Ó thaobh forbairt ghairmiúil de, chuir IOM réimse leathan cúrsaí samhraidh ar líne agus aghaidh ar aghaidh ar fáil do bhreis agus 1,800 múinteoir i mí Iúil. I measc na mbuaicphointí eile, feabhsaíodh spásanna teagaisc agus foghlama i bhFoirgneamh Naomh Muire agus i Halla Naomh Pádraig araon agus cuireadh tús leis an Teach Geata nua agus na struchtúir bhóthair máguaird don bhealach isteach nua chuig ár gcampas. Filleadh ar theagasc agus foghlaim ar an gcampas freisin sa bhliain acadúil 2022-23 do gach fochéimí agus gach mac léinn ón mBonnchlár Idirnáisiúnta agus éascaíodh deiseanna múinteoireachta do mhic léinn na bliana deireanaí mar gheall ar an sceideal léachtaí.

Institiúid Oideachais MARINO Institute of Education





# Plean Straitéiseach 2021-2026

AG IOM

## OIDEACHAS AG BUNATHRÚ SAOLTA CHUN FEABHAIS – TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

| T | R | U | S | T |
|---|---|---|---|---|
| TEAGASC | TAIGHDE | ROCHTAIN UILÍOCH | INBHUANAITHEACHT | TEICNEOLAÍOCHT |
| TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT | TOSAÍOCHT |

## ÁR SPRIOCANNA

| | |
|---|---|
| 1 | Dearbhóimid ár bhféiniúlacht Críostaí trí oideachas |
| 2 | Cothóimid eispéireas saibhir teagaisc agus foghlama |
| 3 | Cuirfimid oideachas d’ardchaighdeán trí Ghaeilge chun cinn |
| 4 | Beimid tiomanta do bharr feabhais a bhaint amach i dtaighde feidhmeach |
| 5 | Cuirfimid rochtain, cothromas agus éagsúlacht chun cinn san oideachas |
| 6 | Cothóimid agus forbróimid ár ról mar chomhpháirtithe iontaofa san oideachas |
| 7 | Cuirfimid leis an ngné idirnáisiúnta dár gcuid oibre |
| 8 | Cuirfimid oideachas agus cleachtais inbhuanaithe chun cinn |
| 9 | Cuirfimid taca lenár gcleachtais forbraíochta trí theicneolaíochtaí digiteacha |
| 10 | Cothóimid ár spiorad láidir pobail |






# Teagasc agus Foghlaim

## AG IOM

**I dteannta forbairt i suíomhanna traidisiúnta sa seomra ranga, d'fhorbair baill foirne agus mic léinn ag IOM trí réimse cúrsaí breise agus trí dheiseanna roghnacha i gcomhair foghlaim bhreise sa bhliain acadúil 2022-2023. Aíonna clúiteacha, seimineáir fhaisnéiseacha agus uirlisí nua chun ranganna a chur ar fáil – lean IOM dár gcur chuige nuálach maidir le teagasc agus foghlaim araon a chur chun cinn i mbliana.**



### FÉILTE

Reáchtáladh FÉILTE, Féile Bhliantúil Oideachais na Comhairle Múinteoireachta i mBarr Feabhais na Foghlama agus an Teagaisc, ar an 1 Deireadh Fómhair ag an Helix. Rinne, Tara McEllistrim, céimí B.Ed. in 2022, ionadaíocht d'IOM mar chuid de phlé painéil StudentMeet ar Eispéireas an Mhúinteora Faoi Oiliúint – Deis Scoile Uile. Díríodh sa phlé ar an gcaidreamh dearfach cómhalartach idir scoileanna agus múinteoirí faoi oiliúint agus ar na deiseanna éagsúla a bhaineann le socrúchán scoile do phobal na scoile i gcoitinne.

### Cúrsaí Samhraidh ar Líne

Chruthaigh an Rannóg TF & Ríomhfhoghlama trí chúrsa samhraidh FGL ar líne agus eisíodh iad do mhúinteoirí ar an 4 Iúil 2022. Chríochnaigh 841 rannpháirtí a gcuid cúrsaí le linn mhí Iúil, agus bhí siad in ann laethanta SPB (EPV) a éileamh nuair a d'fhill siad ar scoil i mí Mheán Fómhair dá bharr. Comhghairdeas leis na baill foirne ar fad a bhí páirteach sna trí chúrsa a cuireadh ar fáil:

- *Teaching and Learning in an Early Childhood Setting* (Teagasc agus Foghlaim i Suíomh Luathóige)
- *Turning Pupils into Published Authors* (Údair a bhfuil Saothair leo Foilsithe a Dhéanamh de Dhaltaí), agus
- *Inclusion & Special Education* (Ionchuimsiú & Oideachas Speisialta).

### Máistreacht ar líne sa Mhatamaitic Bhunscoile

Cuireadh tús leis an gcéad Mháistreacht ag IOM atá go hiomlán ar líne i mí Mheán Fómhair agus d'úsáid Shane Regan (dearthóir teagaisc) prionsabail Deartha Teagaisc le teimpléad ar líne a chruthú chun tacú lena soláthar. Cinntítear leis an gcur chuige seo go mbeidh eispéireas seasmhach ag mic léinn an chúrsa, agus d'úsáid an fhoireann mhúinteoireachta i gcoitinne uirlisí nua, Panopto, Tinreamh ar Líne agus uirlisí soláthair sioncronaigh agus san áireamh.

### Foghlaim Litearthachta Spraíúil

Thug Clara Fiorentini seimineár gréasáin ar "Playful Literacy Learning" ("Foghlaim Litearthachta Spraíúil") i mí na Samhna i gcomhar le hIonad Oideachais Iarthar Chorcaí, Ionad Oideachais Phort Láirge, Ionad Oideachais Loch Garman, Ionad Oideachais Chill Chainnigh agus Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí, a bhí mar éascaitheoirí.

### Seimineáir ghréasáin san Fhorbairt Ghairmiúil

Chuir Ciara Fiorentini réimse leathan seimineár gréasáin ar fáil i gcomhpháirtíocht leis na hIonaid Oideachais agus an Roinn Oideachais le linn na bliana. Mar shampla, i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine thug sí na seimineáir ghréasáin seo a leanas:

- *"Every lesson is a language lesson: Reflecting on Meaningful Oral language Instruction in the Primary Classroom"* – Ionchur don Chigireacht Luathbhlianta Bunscoile agus Iar-bhunscoile sa Roinn Oideachais.
- *Reading for Pleasure in the Primary Classroom:* Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí
- *The Novel in the Primary Classroom:* Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí
- *"The Early Literacy Lens: Exploring Key Priorities for Early Literacy Learning and Opportunities for Continuation of Early Literacy Practices across the ECCE and infant primary years."* – Ceardlann d'Aonad na Cigireachta Luathbhlianta sa Roinn Oideachais
- *"Prioritising Play: Strategies for Playful Literacy Development in the Junior Primary Classroom"*, 15 Bealtaine.





## An Fóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte (National Open Research Forum, nó NORF)

D'fhreastail Genevieve Larkin (Ceannasaí na Seirbhísí Leabharlainne) ar *National Action Plan and Projects*, imeacht seolta de chuid an Fhóraim Náisiúnta um Thaighde Oscailte ar an 21 Samhain (ar líne).

## Marino Matters

Is iad Miriam Colum, Caoileann Ní Dhonnchadha, Breed Murphy, Ciarán Fogarty, Feargal O Laighin, Ciara Reilly, Andrea Uí Chianáin agus Martin Lynch atá san fhoireann seo agus d'oibrigh siad ar roinnt saincheisteanna le linn na bliana. In *Marino Matters*, léirítear saol sóisialta agus imeachtaí an phobail agus cuirtear nuachtlitir fháilteach ar fáil do chách.

## SOLÁTHAR MÚINTEOIRÍ

Tar éis dóibh cuireadh a fháil ón Aire Norma Foley, bhuail an tOll. Teresa O'Doherty, Uachtarán, agus Seán Delaney, Leas-Uachtarán, leis an Aire agus le roinnt daoine dá foireann ag Teach Thír Eoghain, Sráid Mhaoilbhríde ar an 11 Eanáir. Bhí an tAire an-bhuíoch as an tacaíocht ó sholáthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí anuraidh nuair a oiriúnaíodh socrúcháin scoile le go bhféadfadh múinteoirí faoi oiliúint cumhdach ionadaíochta a chur ar fáil i scoileanna. D'iarr an tAire ar IOM arís go scaoilfeadh IOM mic léinn ó shocrúcháin, agus mic léinn eile ón rang, chun cumhdach ionadaíochta a chur ar fáil do scoileanna. Chuireamar in iúl don Aire go dtuigeann IOM an leas náisiúnta ach go bhfuilimid tiomanta, thar aon ní eile, d'fholláine ár gcuid mac léinn, dá ndul chun cinn acadúil agus dá gcreidiúnú mar mhúinteoirí.

## CRITICALLY UNPACKING DIGITAL EDUCATION - GRÚPA FÓCAIS

D'éascaigh an Dr Michael Hallissy agus John Hurley, H2 Learning, ceardlann do bhaill foirne ar an 24 Eanáir. Sa cheardlann seo tugadh spás don fhoireann teagaisc machnamh agus cíoradh a dhéanamh ar théarmaí amhail Oideachas Digiteach, Oideolaíocht Dhigiteach agus Claochlú Digiteach agus dul i mbun plé le comhghleacaithe maidir le conas is féidir leis an Institiúid glacadh le teicneolaíocht dhigiteach ar bhealach fiúntach sa saol tar éis COVID-19.

## Cuairt ó Choiste Oideachais Pharlaimint Fhlóndras

Bhí lúcháir ar IOM freagairt d'iarratas ón Roinn Oideachais agus fáilte a chur roimh ghrúpa ar cuairt ó Pharlaimint Fhlóndras ar an 5 Deireadh Fómhair. Ábhar imní is ea ganntanas/cáilíocht múinteoirí do lucht déanta beartas Fhlóndras agus bhí spéis ar leith ag na cuairteoirí i dtaithí na hÉireann maidir le conas múinteoirí ardchaighdeáin faoi oiliúint a mhealladh agus a choimeád. Rinne Liam Heery (Uachtarán Aontas na Mac Léinn), an Dr Joan Kiely, an Dr Aimie Brennan, an Dr Julie Uí Choistealbha agus an tOll. Teresa O'Doherty sraith cur i láthair do na cuairteoirí agus bhí seisiún ceisteanna agus freagraí acu. Rinne an Dr Julie Uí Choistealbha ionadaíocht don Institiúid ag imeacht a reáchtáladh ag Ambasáid na hÍsiltíre ar an 6 Deireadh Fómhair mar chomhartha buíochais.


## Turn and Draw – ceardlann Ealaíne agus Súgartha

Tá cumas draíochtach ag Duffy Shepard Mooney agus Darren Yorke muid a thabhairt isteach ina ndomhan ealaíne agus súgartha. Ar an 25 Aibreán bhí baill foirne ó IOM faoi gheasa ag an gceardlann shaincheaptha seo ina bhfuair siad taithí ar an súgradh; agus faoiseamh ó na dúshláin oibre agus saoil a bhaineann leis an tréimhse ghnóthach seo den bhliain!



# Teagasc agus Foghlaim

AG IOM







## An Líonra um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) ag IOM

Bhunaigh Miriam Colum, in éineacht lena comhghleacaithe an Dr Alison Egan, Shane Regan, Ciara Reilly agus Louise Condon, an Líonra DUF ag IOM chun foghlaim agus tuiscint ar DUF a shainaithint agus a shintéisiú d'fhonn pleanáil chun DUF a chur i bhfeidhm níos mó ag IOM. Chuir an fhoireann gairm amach dá comhghleacaithe ballraíocht a ghlacadh sa líonra agus díreoidh siad ar na nithe seo a leanas i dtosach báire:

- Feasacht ar DUF a spreagadh.
- Brickfield Accessibility a chur i bhfeidhm agus oiliúint a chur ar chomhghleacaithe ann (cur chuige céimnithe).
- Tacaíocht a thabhairt do chomhghleacaithe ar mhaith leo tabhairt faoin suaitheantas DUF (UDL badge).
- Cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí/saineolaithe ar DUF.
- DUF a chur i bhfeidhm ar fud an champais - smaointe agus cur i bhfeidhm.
- Oiliúint foirne/mac léinn sa DUF.
- Sainchúrsa oiliúna IOM maidir le DUF (leagan giorraithe den suaitheantas DUF AHEAD).

## Cruinnithe ar MS Teams & Moodle

Tá cruinnithe MS Teams ar fáil anois mar Idir-inoibritheacht Uirlise Foghlama (Learning Tool Interoperability, nó LTI ) ar ár n-ardán Moodle. Ós rud é go bhfuil MS Teams ag mic léinn, is bealach é seo chun cumarsáid ar líne a éascú trí uirlisí arna leabú i ngnáthardáin na mac léinn. Tá tástáil á déanamh ar bhreiseáin eile sa rannóg Ríomhfhoghlama le linn an tsamhraidh, in am lena leathadh amach i mí Mheán Fómhair 2023 agus don bhliain acadúil nua.

## MES ar líne sa Cheannaireacht i Scoileanna Críostaí

D'fhaomh an Chomhairle ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an togra don MES ar líne sa Cheannaireacht i Scoileanna Críostaí. Tosaíodh ar mhic léinn a ghlacadh isteach sa chlár nuálach seo. Comhghairdeas leis an Dr Aiveen Mullally (Ceannaire Cúrsa) agus leis an Dr Seán Delaney ar an obair a rinne siad chun an clár seo a thabhairt tríd an bpróiseas creidiúnaithe.

## Cumann Teicneolaíochta Foghlama Éireann (Irish Learning Technology Association, nó ILTA)

Reáchtáil Cumann Teicneolaíochta Foghlama Éireann EdTech 23, imeacht bliantúil leo, ag Dlí-Chumann na hÉireann ar an 1 agus an 2 Meitheamh agus d'fhreastail os cionn 120 cleachtóir teicneolaíochta oideachais ó gach Institiúid Ardoideachais agus balleagraíocht in Éirinn air seo. Rinne an Dr Alison Egan agus Shane Regan ón bhfoireann Ríomhfhoghlama ionadaíocht d'IOM. Reáchtáladh é thar dhá lá agus dhírigh na príomhchainteoirí agus an painéal ar IS agus Ionracas Acadúil, agus ar na huirlisí is féidir linn a úsáid chun tacú le comhghleacaithe agus mic léinn sa tírdhreach nua oideachais IS seo.

## Imeachtaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

D'fhreastail an Dr Joan Kiely, an Dr Karin Bacon, an Dr Sandra Austin, Clara Fiorentini, Richeal Ní Thiarnaigh agus an Dr Edmond Gubbins ar an imeacht leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: Primary Curriculum Developments: What are the considerations for Initial Teacher Education? Reáchtáladh an t-imeacht Exploring Agency in ITE ar an 30 Bealtaine 2023.

D'fhreastail an Dr Karin Bacon agus an Dr Sandra Austin ar chomhchruinniú ghrúpaí forbartha na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Bunoideachas) in Óstán Midlands Park, Port Laoise ar an 13 Meitheamh. D'fhreastail an Dr Sandra Austin ar chruinniú forbartha na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta in Óstán Midlands Park, Port Laoise ar an 15 Meitheamh.



Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education



# Saol na Mac Léinn agus an Spóirt

AG IOM

Bliain ghnóthach a bhí ann do chlubanna agus do chumainn. Bunaíodh foirne nua spóirt mar fhreagairt ar ábhair spéise na mac léinn agus chuir seisiúin sheachtainiúla cheoil le saibhreas ár saoil. Rinneadh athbhreithniú ar bhunreacht Aontas na Mac Léinn ionas go bhféadfaí Oifigeach Sabóideach a roghnú agus ghlac na mic léinn páirt san fheachtas ar líne 'This is MIE' ('Seo í IOM') chun na cláir éagsúla ag IOM a chur chun cinn.



## Saol an Mhic Léinn

### Seachtain na Matamaitice

Reáchtáladh Seachtain na Matamaitice idir Dé Luain, 17 agus Dé hAoine, 21 Deireadh Fómhair 2022 ag Institiúid Oideachais Marino. Imeacht uile-oileáin is ea Seachtain Mhatamaitice na hÉireann agus tá sé mar sprioc aige deiseanna a thabhairt do dhaoine, idir óg agus aosta, taitneamh a bhaint as an matamaitic agus aird a tharraingt ar an gcruthaitheacht a bhaineann leis an ábhar. Laistigh d'IOM, táimid ag díriú i mbliana ar an matamaitic a phlé laistigh de phobal IOM agus i gcomhpháirtíocht lenár bpobal áitiúil. Ó thaobh an imeachta uile-oileáin de, cláraíodh 464,468 páiste go hoifigiúil le Seachtain Mhatamaitice na hÉireann agus tá lúcháir orainn gur ghlac os cionn 500 díobh siúd páirt in imeachtaí a d'eagraigh baill foirne agus mic léinn ag IOM, leithéidí Steve Sherman's Mathemagical Show, ceardlann ETIM do naíonáin agus imeacht fadhbréitigh. Thug baill foirne agus mic léinn ag IOM tacaíocht do 80 páiste eile chun an topaic Maths in Daily Life (An Mata sa Ghnáthshaol) a iniúchadh ina gcuid seomraí ranga féin. Ghlac beagnach 500 dalta páirt sna dúshláin laethúla Fadhb an Lae agus ghlac grúpa daltaí páirt i dtóraíocht taisce a d'eagraigh an leabharlann inar baineadh úsáid as Córas Aicmithe Dheachúil Dewey. Comhghairdeas le Breed Murphy, Donncha Ó Corcoráin agus Bridget Flanagan as na gníomhaíochtaí iontacha seo a eagrú don tseachtain.

### Tráthnóna maidir le Scoláireachtaí do Mhic léinn Iontrála

I mí na Nollag bhronnamar scoláireachtaí iontrála ar 15 mhac léinn céadbhliana ar fud réimse disciplíní - gnóthachtáil spóirt, obair phobail/dheonach, rannpháirtíocht ealaíon agus gnóthachtáil acadúil. D'fhreastail na mic léinn, a dtuismitheoirí agus roinnt príomhoidí/múinteoirí óna gcuid scoileanna ar an ócáid seo a bhí thar a bheith spreagúil. Tá buíochas ar leith ag dul do na baill foirne a rinne moltóireacht ar na hiarratais agus a d'eagraigh an t-imeacht speisialta seo - Eileen Keane Niland, Edmond Gubbins, Claire Dunne, Suzy Macken, Denis Forde, Lily Barry, Cian Mac Aodhagáin agus Sean Delaney.

### Gradaim Alumni

Bronntar gradaim Alumni ar alumni a bhfuil ionadaíocht déanta acu do Marino ar bhealaí éagsúla ó bhain siad céim amach agus ar tacadóirí iad ar son barr feabhais agus oideachais laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. I mí na Nollag 2023 thugamar aitheantas d'ionchur Ms Mary Finnegan, a bhí ina múinteoir ag Scoil Náisiúnta Naomh Uinseann de Pól do Chailíní ar Ascaill Uí Ghríofa ar feadh roinnt blianta. San obair a rinne sí le daoine bodhra thar na blianta, thacaigh sí le páistí bodhra nó faoi allaíre i scoileanna príomhshrutha. Ina dhiaidh sin, bhí sí ina ball de phainéal comhairleach a chuir treoirlínte ar fáil maidir le páistí atá bodhar nó faoi allaíre a ionchuimsiú. Ba é an dara duine a fuair gradam ná Mr John Allen, a raibh gairm sa mhúinteoireacht aige agus é ina iománaí agus ina pheileadóir ar fhoirne sinsir Chorcaí ag an am céanna, agus a bhainistigh foirne rathúla iománaíochta idirchontae Chorcaí agus Luimnigh araon.

### Bronnadh Céimeanna

Ag tús mhí na Nollag, bhí deis againn san imeacht bronnta céimeanna ceiliúradh a dhéanamh ar ghaiscí ár gcuid mac léinn a lean den staidéar in ainneoin na gcúinsí thar a bheith dúshlánach a bhí ann. Bhronn Ms Yvonne Keating, an Príomhchigire, an gradam Carlisle and Blake ar Chiarán Rowney agus thug sí óráid ghairid. Ní ba luaithe, ag Coláiste na Tríonóide, bhronn Mr John Boyle, Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann, bonn Vere Foster ar Chiarán tar éis dó an chéad áit a bhaint amach ina rang i socrúchán scoile. Ní ba dhéanaí sa tráthnóna, ag TCD arís, bhronn John Boyle bonn Vere Foster ar Declan Wildes freisin, an céimí ón MGO a fuair an marc is airde i socrúchán scoile.

### Féile Cheoil an Gheimhridh

Ar an 16 Nollaig chuaigh grúpa mac léinn agus foirne ón mBonnchlár Idirnáisiúnta ar an stáitse don *International Winter Music Festival*. Chas taibheoirí uirlise agus gutha san imeacht, agus léirigh na rannpháirtithe na cineálacha éagsúla ceoil a thaitníonn leo mar aon le spiorad an tséasúir. Bhain an lucht mór éisteachta taitneamh as an gceolchoirm iontach agus bhí pióga mionra agus sú te blaistithe ar fáil ag deireadh an imeachta. Deireadh téarma an-taitneamhach ab ea é.

### Lá Idirnáisiúnta na mBan

*Inspiring Women from Around the World* (Mná Inspioráideacha ar Fud an Domhain): Chuir an Coiste Éagsúlachta taispeántas i láthair chun ceiliúradh a dhéanamh ar na mná a thugann spreagadh do mhic léinn agus baill foirne Marino. Cuireadh leabhair faoin téama Mná Inspioráideacha ar Fud an Domhain i láthair freisin, agus iad roghnaithe ag foireann na leabharlainne.

### Ceoldráma an Chumainn Drámaíochta

Chuir Cumann Drámaíochta Mhic Léinn IOM an ceoldráma 'All Shook Up' i láthair ag Amharclann Halla na Saoirse ón 5-7 Feabhra. Bhí caighdeán na cléire i mbliana sármhaith, agus í faoi stiúir iontach Tara Flanagan (BECE3) agus Emma Townsend, cóiréagrafaí (BScECE). Bhí ríméad orainn go raibh daoine ó réimse cúrsaí agus bliainghrúpaí sa chliar, agus bhí an-oíche ag gach duine a d'fhreastail ar an léiriúchán!





# Saol na Mac Léinn agus an Spóirt

## AG IOM

### Seachtain na Gaeilge

D'eagraigh Robbie Irwin Seachtain na Gaeilge, a raibh an-rath uirthi agus a bhí ar siúl ón 27 Feabhra go dtí an 3 Márta. I measc na n-imeachtaí sa sceideal, bhí turas go Ráth Chairn, céilí agus biongó. Ag deireadh na seachtaine craoladh 'Céilí House' RTÉ Raidió a hAon ó IOM agus chuir idir mhic léinn agus bhaill foirne clár de cheol traidisiúnta na hÉireann, amhránaíocht agus comhrá i láthair. Ba iad an Dr Edmond Gubbins agus an Dr Máire Nuinseann a d'eagraigh an clár dátheangach seo ina ndéanadh ceiliúradh ar bhuanna iontacha Marino House.

### Seachtain an Champais Ghlais

I mbliana, ghlac Institiúid Oideachais Marino páirt den chéad uair sa tSeachtain Ghlas Náisiúnta, a chomhordaigh Líonra na gCampas Glas ag an Taisce. Rinne Coiste Campais Ghlais IOM réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí bunaithe ar Spriocanna Inbhuanaithe na NA a phleanáil, a chur chun cinn agus a sholáthar. Chuireamar tús lenár gcuid gníomhaíochtaí don tSeachtain Ghlas le Meat-free Monday (Luan saor ó Fheoil) sa bhialann Blasta, a bhuí leis an chef Julian agus an fhoireann ar fad ó KSG.

Sheolamar MIE Marchathon 2023, ina raibh Scéal Trail timpeall an champais ag am lóin faoi stiúir an Dr Claire Dunne, agus sa seanchas dátheangach agus sa tobleabharlann i bhforhalla Halla Nagle Rice tarraingíodh aird ar lear mór leabhar a bhfuil ábhar machnaimh iontu le húdair mar David Attenborough agus Greta Thunberg, chomh maith le meascán acmhainní agus leabhar pictiúr chun an inbhuanaitheacht a mhúineadh do pháistí.

Bhí aisteoirí óga ó Scoil Chaitríona sa Rinn Mhór inár gcuideachta Dé Máirt, agus chuir siad a seó nua, Fadhb na Mara, i láthair; scéal is ea é seo ina bpléitear feasacht comhshaoil agus béaloideas na hÉireann. Sa tráthnóna bhuail na páistí lenár mic léinn BOid3 agus d'oibrigh siad ar scéalaíocht agus seanchas.

### Summersong in the Chapel

Dé Máirt, 25 Aibreán chuir IOM fáilte roimh an gceol aoibhinn spreagúil ag Summersong in the Chapel, inar chualathas ceol nua le Colm Ó Foghlú, ealaíontóir cónaithe ag IOM, Mary Callan Clarke (soprán), Edmond Gubbins (bosca ceoil), Máire Nuinseann (fliúit), Noreen O'Donoghue (cruit) agus bail de Chumann Drámaíochta IOM á dtionlacan ag an Charlemont String Ensemble. Ba iad na mic léinn Katie Donoghue agus Tara Flanagan na hóstaigh. Cuireadh réimse buanna in iúl sa cheolchoirm agus bhí na macallaí le cloisteáil ar fud dhorchlaí Naomh Muire, rud a thug ardú croí thar na bearta dúinn.








# Saol na Mac Léinn agus an Spóirt

AG IOM

## Gníomhaíochtaí Spóirt

### Seoladh tionscnaimh na bhFoirne Sacair

Bhí ról lárnach ag Shauna Conneally, Oifigeach Spóirt IOM, i seoladh fhoirne sacair IOM d'fhir agus do mhná agus á gcur isteach i sraithchomórtais agus coirn tríú leibhéal Chumann Peile na hÉireann.

### Lúthchleasaíocht

Rinne Chloe Heaslip (BOid1) ionadaíocht do Choláiste na Tríonóide sna rásaí sealaíochta bóthair idir-ollscoile i Maigh Nuad ar an 11 Samhain.

### CLG

Tá clár CLG an-ghníomhach ag IOM, faoi stiúir Denis Forde, agus tugann lear mac léinn reatha agus iarmhac léinn tacaíocht dó. Chuir foireann peile na mban dhá fhoireann chun páirce (Ranna 5 agus 7), agus bhí foireann camógaíochta, foireann peile na bhfear agus foireann iománaíochta na bhfear againn freisin. Bhain foireann peile na mban ag IOM babhta leathcheannais an tsraithchomórtais amach. Tar éis bliain rathúil eile ar na páirceanna imeartha i mí na Bealtaine, thugamar aitheantas d'éachtaí na mac léinn sa bhliain a bhí imithe thart.

### Bronnadh na gradaim seo a leanas

- Buaiteoirí an Chraobhchomórtais Camógaíochta (Boinn) (2020)
- Buaiteoirí Shraithchomórtas Peile na mBan (Boinn) 2022
- Buaiteoirí an Chraobhchomórtais Iománaíochta (Boinn) 2022
- Imreoirí na bliana ar gach ceann de na cúig fhoireann
- Bronntaí ar na foirne éagsúla Bainistíochta.
- Bronntaí ar ár mbeirt Oifigeach Spóirt.

### Cluiche dúshláin peile v Coláiste Froebel


Imríodh cluiche dúshláin na mban in aghaidh Choláiste Froebel ag IOM – athbhunú cluiche dúshláin thraidisiúnta idir an dá choláiste ab ea é seo agus níor imríodh é le roinnt blianta. Bhíomar an-bhródúil as foireann peile na mban agus táimid an-bhuíoch de Denis Forde, an Dr Gene Mehigan agus Aodán Mac Suibhne, chomh maith le Séamie Ó Néill ó Choláiste Froebel, Maigh Nuad as an gcluiche a eagrú. Eagraíodh fáiltiú galánta do na himreoirí tar éis an chluiche agus bronnadh gradaim ar roinnt imreoirí agus meantóirí.





# Cárb as dár mic léinn?

## In Éirinn



**Céatadán na mac léinn de réir Contae**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 - 3% | 4 - 5% | 6 - 10% | 31 - 35% |



# Cárb as dár mic léinn?

## In Éirinn


| | |
|---|---|
| Aontroim | 1 |
| Ceatharlach | 25 |
| An Cabhán | 48 |
| An Clár | 8 |
| Corcaigh | 20 |
| Dún na nGall | 64 |
| Baile Átha Cliath | 434 |
| Gaillimh | 38 |
| Ciarraí | 12 |
| Cill Dara | 85 |
| Cill Chainnigh | 27 |
| Laois | 23 |
| Liatroim | 17 |
| Luimneach | 15 |

| | |
|---|---|
| An Longfort | 9 |
| Lú | 56 |
| Maigh Eo | 36 |
| An Mhí | 107 |
| Muineachán | 43 |
| Neamhshonraithe | 9 |
| Uíbh Fhailí | 18 |
| Ros Comáin | 22 |
| Sligeach | 22 |
| Tiobraid Árann | 5 |
| Port Láirge | 20 |
| An Iarmhí | 26 |
| Loch Garman | 53 |
| Cill Mhantáin | 59 |
| **Iomlán** | **1302** |



# Cárb as dár mic léinn?

Thar Lear



**Céatadán na mac léinn de réir Tíre**






# Cárb as dár mic léinn?

Thar Lear

| | |
|---|---|
| An Bhrasaíl | 2 |
| An tSile | 2 |
| An tSín | 56 |
| Hong Kong | 1 |
| An Iodáil | 1 |
| An tSeapáin | 1 |
| An Chasacstáin | 1 |
| Cuáit | 20 |
| An Mhalaeisia | 2 |
| Meicsiceo | 2 |
| An Mhongóil | 1 |
| An Namaib | 1 |
| An Ísiltír | 2 |
| An Nigéir | 1 |
| An Iorua | 3 |
| Óman | 2 |
| An Phacastáin | 2 |
| Panama | 2 |
| Cónaidhm na Rúise | 7 |
| An Araib Shádach | 1 |
| An Spáinn | 2 |
| An Eilvéis | 2 |
| An Tuirc | 9 |
| An Úcráin | 3 |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | 2 |
| Neamhshonraithe | 12 |
| Vítneam | 2 |
| **Iomlán** | **142** |








# Soghluaisteacht Mac Léinn

### European School Placement Programme (Clár Socrúchán Scoile na hEorpa)

In 2019/20, chuir IOM tús le clár píolótach do thriúr mac léinn BEd lena Socrúchán Earraigh a dhéanamh i Scoil Eorpach (an Bhruiséil I). Leathadh an clár seo amach agus thaistil seisear mac léinn ó na cláir BEd agus BOid go scoileanna sa Bhruiséil agus in Frankfurt i mí an Mhárta 2022; agus tairgeadh 8 n-áit do mhic léinn in 2023 sa Bhruiséil, in Frankfurt agus i Lucsamburg. Tá an clár á mhaoiniú ag na mic léinn féin den chuid is mó, ach thairg IOM stipinn €350 do na mic léinn i mbliana agus ghlac siad léi sin go buíoch.

### Soghluaisteacht Amach

Sa bhliain acadúil 2022/2023, rinne 18 mac léinn seimeastar thar lear. Ba i Seimeastar 1 a bhí soghluaisteacht amach na mac léinn ar fad. As measc na 18 n-áit seo, maoiníodh 14 cinn trí Erasmus+ agus 4 cinn tríd an Swiss European Mobility Programme (SEMP) san Eilvéis.

Ó thaobh soghluaisteacht foirne de, bhain beirt bhall foirne leas as maoiniú Erasmus+ i mbliana (i gcomhair cuairteanna ar an Spáinn agus an Ostair) agus bhain ball foirne amháin leas as maoiniú SEMP chun cuairt a thabhairt ar Zurich.

### Soghluaisteacht Isteach

In 2022/23 chuir IOM fáilte roimh sheisear mac léinn soghluaisteachta isteach thar an mbliain acadúil ó Ostfold University (an Iorua), UDG Girona, Zurich University of Teacher Education, agus UAB Barcelona. Bhí na mic léinn in ann modúil staidéir a roghnú ó ar fud na gclár BEd/ECE agus Léinn Oideachais.



# Inbhuanaitheacht

I mí Feabhra 2022 chuir Institiúid Marino a hainm le Cairt na gCampas Glas agus táimid ag obair faoi láthair lenár gcéad Ghradam Brait Ghlais a fháil. Tá pobal IOM ag obair lenár spriocanna a bhaint amach maidir le Bithéagsúlacht a mhéadú agus bruscar agus dramhaíl a laghdú. Bhí ríméad orainn freisin ár n-ainm a chur le cairt an Údaráis Náisiúnta Iompair um Thaisteal Níos Cliste do Champais.



### Coiste Campais Ghlais

Reáchtáil an Coiste Campais Ghlais cruinnithe ar bhonn rialta le linn na bliana acadúla, agus ba í an Dr Sandra Austin a rinne cathaoirleacht orthu.

### Walktober agus Marchathon

Le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí an Mhárta, chuaigh foirne ó IOM san iomaíocht san *Walktober Steps Challenge* le hIompar d'Éirinn. Ghlac os cionn 1,300 foireann ó ar fud na tíre páirt sa dúshlán agus éacht ollmhór ab ea é gur chríochnaigh trí cinn dár bhfoirne laistigh den 600 foireann is airde. Go deimhin, chríochnaigh ár bhfoireann "unprECEdented steps" díreach lasmuigh den 50 is fearr sa tír, agus tá ardmholadh ag dul do Matt, Rachel, Mira, Natasha agus Rhona dá bharr. I mí Dheireadh Fómhair amháin shiúil foirne IOM 1,409,834 céim le chéile; is ionann sin agus 1,007 km - an fad ó Bhaile Átha Cliath go Cologne!

### Painting the Pencils (Ag Péinteáil na bPionsailí)

Ar an 18 Deireadh Fómhair, chríochnaigh mic léinn agus baill foirne ónár bhfoireann Campais Ghlais obair chun na pionsailí péinteáilte lasmuigh d'fhoirgneamh Naomh Pádraig a athchóiriú. Chuir an Rediscovery Centre an phéint athchúrsáilte ar fáil agus bhí éifeacht shuaithinseach aici.

### Óstán Feithidí & Piastlann an Champais

Ar an 19 Deireadh Fómhair, chomhoibrigh mic léinn na gcúrsaí roghnacha BEd4 le rang 5 Ms Godfrey, Scoil Náisiúnta Naomh Colm Cille, an Trá Thuaidh, chun dhá óstán feithidí a thógáil in Mud Island Community Garden. Ar an 19 Samhain, d'oibrigh Craig Benton, comhairleoir le Composting Ireland, agus mic léinn ón gcúrsa roghnach Space to Grow den BEd4 le chéile lenár bPiastlann nua a shocrú sa Ghairdín Pobail. Bhí Craig i gceannas ar cheardlann maidir le haire a thabhairt do Phiastlanna chun dul i ngleic le dramhbhia sa champas agus sa bhaile.

Beidh an Phiastlann seo ina cuidiú againn lenár ndramhbhia sa champas a laghdú agus tá sé seo ar cheann de na spriocanna Brataí Glaise atá againn faoin téama Bainistíocht Dramhaíola.

### An tSeachtain Ghlas Náisiúnta

I mbliana, ghlac Institiúid Oideachais Marino páirt den chéad uair sa tSeachtain Ghlas Náisiúnta, a chomhordaigh Líonra na gCampas Glas ag an Taisce. Rinne Coiste Campais Ghlais IOM réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí bunaithe ar Spriocanna Inbhuanaithe na a phleanáil, a chur chun cinn agus a sholáthar. Cruthaíodh go leor de na gníomhaíochtaí seo i gcomhar le roinnt comhpháirtithe, lena n-áirítear KSG Catering; Coiste Éagsúlachta IOM; Foras na Mara, Gaillimh; Scoil Chaitríona, an Rinn Mhór; agus le cuidiú ó lear mór ball foirne agus mac léinn, bliainghrúpaí BEd1, BOid3 agus MGO1 ina measc.

Bhí lucht *One World Awards* anseo freisin agus roinn siad eolas agus acmhainní maidir lena gclár.

Tá an Coiste, ar a bhfuil a lán mac léinn, tar éis a bheith gníomhach ag obair ar roinnt gníomhaíochtaí, mar a léirítear thíos.

#### ► Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA: céard iad agus cén fáth ar chóir dúinn spéis a léiriú iontu? Sraith gníomhaíochtaí an-speisialta a bhí san imeacht seo agus é curtha i láthair ag mic léinn MGO1 chun lárphointe an chláir UN-SDG a cheiliúradh. Ag tús an imeachta taispeánadh an scannán Nations United, clár faisnéise 30 nóiméad atá neamhbhalbh ach dearfach faoin ngéarghá atá le hobair ar mhaithe leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.



#### ► Fergal Mythen, Ambasadóir na hÉireann

Mar chuid den tSeachtain Ghlas, bhí Fergal Mythen, Ambasadóir na hÉireann chun na Náisiún Aontaithe, inár gcuideachta go beo ó Nua-Eabhrac i gcomhair comhrá agus seisiún C&F maidir le ról na hÉireann i gcur chun cinn na SFInna agus maidir le Cruinniú Mullaigh SFI 2023.

Ba in Doha a bhí an chéad choinne eile a bhí ag an Ambasadóir Mythen, ag an 5th United Nations Conference on Least Developed Countries, agus san agallamh a rinne sé le UN Media chuir sé de chúram air féin tagairt do Marino agus don obair thábhachtach atá á déanamh ag ár mic léinn chun na SFInna a thabhairt isteach sa seomra ranga. Is féidir leat teacht ar a ráiteas anseo (ón bpointe 15 nóiméad ar aghaidh).

### Suirbhé ar Chrainn

Rinne Arbor Care Professional Consulting Tree Service suirbhé cuimsitheach ar chrainn ar an gcampas i mí Aibreáin. Uasdátú ab ea é seo ar an suirbhé in 2017.

### Painéil Ghréine

Léirigh Veolia, ár gcomhairleoirí fuinnimh, físeán gearr faisnéise iontach ina bhfuil sonraí faoin tionscadal grianphainéal a críochnaíodh ag Nagle Rice, agus tá bileog eolais dhátheangach ag gabháil leis an bhfíseán seo. Is féidir amharc air seo ar an leathanach gréasáin d'IOM faoin Inbhuanaitheacht.



### Plean Uile-Éireann um Pailneoirí

Go luath i mí na Bealtaine, thosaigh IOM ag tacú leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí. Creat is ea Plean Uile-Éireann um Pailneoirí ina dtugtar earnálacha éagsúla ar fud oileán na hÉireann le chéile chun tírdhreach a chruthú inar féidir le pailneoirí maireachtáil faoi rath. Tá sé á chur i bhfeidhm ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

### Ciumhais na mBeach


Agus í ceaptha ag mic léinn, deartha ag ár gCeannasaí Inbhuanaitheachta, an Dr Sandra Austin, agus curtha ag ár bhfoireann tírdhreacha, cuirfidh ár gCiumhais Beach nua ar chúl Halla Naomh Pádraig neachtar ar fáil i rith na bliana dár mbeacha agus do phailneoirí eile. Roghnaíodh plandaí éagsúla ilbhliantúla ar a mbíonn bláthanna atá oiriúnach do phailneoirí, Grafán, Crotal Coiteann, Beirgeamat Fiáin, Eileabar, Miontas Cait agus Astar ina measc, ionas go mbeidh cuid acu faoi bhláth i gcónaí beag beann ar an am den bhliain. Tá liosta iomlán de na plandaí a cuireadh agus de na tréimhsí bláthaithe a bhaineann leo ar fáil ar an leathanach gréasáin d'IOM faoin Inbhuanaitheacht.


### Fómhar i nGairdín IOM


Bhí flúirse leitíse, pónairí leathana, agus luibheanna (sáiste, marós agus oragán) le baint le linn an fhómhair i nGairdín Pobail IOM, a bhuí leis an tionscnamh iontach seo ón Dr Sandra Austin agus óna foireann.

# Inbhuanaitheacht

## PRÍOMHÚSÁID FUINNIMH AG IOM




| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | Ídiú Gáis (kWh) | Ídiú Gáis kWh in aghaidh an Mhic léinn | Ídiú Leictreachais (kWh) | Ídiú Leictreachais kWh in aghaidh an Mhic léinn | Astaíochtaí CO2 (Tona) | Astaíochtaí CO2 (Tona) in aghaidh an Mhic léinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2014 | 1,955,460 | 2,566 | 779,623 | 1,023 | 650 | 0.85 |
| 2015 | 1,316,864 | 1,577 | 650,722 | 779 | 499 | 0.59 |
| 2016 | 1,413,215 | 1,692 | 643,534 | 770 | 496 | 0.59 |
| 2017 | 1,561,179 | 1,838 | 604,208 | 711 | 484 | 0.57 |
| 2018 | 1,748,938 | 1,642 | 575,972 | 540 | 489 | 0.46 |
| 2019 | 1,816,864 | 1,590 | 584,733 | 512 | 483 | 0.42 |
| 2020 | 1,472,301 | 1,142 | 468,434 | 363 | 380 | 0.30 |
| 2021 | 1,298,886 | 989 | 390,647 | 298 | 330 | 0.25 |
| 2022 | 1,397,509 | 1,031 | 467,263 | 345 | 376 | 0.28 |

Tá laghdú 67% tagtha ar astaíochtaí CO2 in aghaidh an mhic léinn ó rinneadh tionscadal mórscála éifeachtúlachta fuinnimh in 2014/2015 in éineacht le Veolia Ireland, agus tá an leibhéal seasta le blianta beaga anuas. Tá próifíl fhoirgnimh an champais ag feidhmiú ar bheagán carbóin agus ar leibhéal ard éifeachtúlachta fuinnimh mar thoradh ar an réimse beart éifeachtúlachta fuinnimh atá curtha i bhfeidhm ag IOM. Éacht suntasach is ea é seo, go háirithe nuair a áirítear an méadú leanúnach ar an líon mac léinn, maolú na srianta a bhain le COVID-19 agus atosú gníomhaíochtaí lánaimseartha ar an gcampas.

Bhí cúnamh deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann mar chuid den infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh mórscála seo. Úsáidimid modheolaíocht tuairiscithe Ghnó sa Phobal in Éirinn don ghás agus don leictreachas, agus tá IOM an-tiomanta don dícharbónú go fóill.








# Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

AG IOM

## TIONSCADAL NA MÚINTEOIRÍ IMIRCEACHA

Bronnadh cistiú ar Thionscadal na Múinteoirí Imirceacha faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht san AE chun réamhchúrsa ar Chóras Oideachais na hÉireann a fhorbairt agus a sholáthar do mhúinteoirí ón Úcráin a easáitíodh le gairid mar gheall ar an gcogadh agus a bhfuil cónaí orthu in Éirinn anois. Le cúnamh ón gComhairle Mhúinteoireachta, a rinne teagmháil leis na múinteoirí Úcránacha ar fad agus a chláraigh iad faoin bPróiseas Saincheaptha Clárúcháin do Mhúinteoirí Cáilithe ón Úcráin, chríochnaigh 47 múinteoir ón Úcráin an cúrsa seo roimh an Nollaig.

### Nasc-chlár na Múinteoirí Imirceacha

Cuireadh an dara nasc-chlár saincheaptha do mhúinteoirí Úcránacha i gcrích go luath i mí an Mheithimh agus leanadh den Nasc-chlár Bunaithe do mhúinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu thar lear sa Seimineár Gréasáin leis an gComhairle Mhúinteoireachta Déardaoin, 25 Bealtaine. Is é seo an dara clár den chineál seo i mbliana, agus an cúigiú cruinniú de chuid Thionscadal na Múinteoirí Imirceacha do mhúinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu thar lear. Beidh sos sa chlár bunaithe don samhradh tar éis an chlinic dheireanaigh ar an 8 Meitheamh. Cuirfear tús leis an gclár arís i mí Lúnasa agus leanfar leis go dtí mí na Nollag.

D'fhreastail an tAire Oideachais, Norma Foley TD, ar cheiliúradh speisialta ag Marino ar an 20 Meitheamh chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhronnadh céimeanna Rang 22 den Nasc-chlár Bunaithe agus Rang 23 den Nasc-chlár Saincheaptha do Mhúinteoirí Úcránacha, mar aon leis an gcohórt múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu thar lear agus a chríochnaigh an clár i mí na Nollag 2022.



## Tionscadal BCaOMTT le Teaghlaigh Imirceacha

Tá an tionscadal Thuaidh-Theas seo á chistiú ag an BCaOMTT agus is comhfhiontar é idir baill foirne ag IOM agus Ollscoil Uladh, Cúil Raithin. Home-school partnerships with migrant families – a way forward on the island of Ireland (an Dr Barbara O'Toole agus Richeal Ní Thiarnaigh). Obair leanúnach le Barbara Skinner agus Maria Stewart ó Ollscoil Uladh, Cúil Raithin, agus Anne-Sophie Cocault, speisialtóir BCTE:

- Cruinnithe seachtainiúla pleanála
- Thaistil an Dr Barbara O'Toole agus Richeal Ní Thiarnaigh go dtí St Kevin's School, Béal Feirste Dé hAoine, 28 Aibreán i gcomhair plé grúpa fócais agus ceardlann le baill foirne agus tuismitheoirí a d'eagraigh foireann BCaOMTT.
- D'fhreastail an Dr Barbara O'Toole agus Richeal Ní Thiarnaigh ar SN Naomh Caitríona, an Chabrach ar an 5 Bealtaine i gcomhair plé grúpa fócais agus ceardlann le baill foirne agus tuismitheoirí a d'eagraigh foireann BCaOMTT.

## TOBAR

Rinneadh a lán ceardlann i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna mar chuid den tionscadal TOBAR chun feasacht a spreagadh maidir leis na tacaíochtaí agus conairí atá ar fáil do dhaoine óga ó phobal na dTaistealaithe a bhfuil spéis acu tabhairt faoi ghairm sa mhúinteoireacht. Is é an cuspóir atá ag TOBAR ná naisc a chothú le scoileanna, caidrimh a fhorbairt le teaghlaigh agus mic léinn ionchasacha agus teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí pobail.

I measc na ngníomhaíochtaí le TOBAR an ráithe seo bhí: tacaíocht do mhic léinn agus teaghlaigh, laethanta oscailte saincheaptha agus rannpháirtíocht in imeachtaí maidir le Feasacht ar Chultúr an Lucht Siúil. D'fhreastail mac léinn amháin ó TOBAR ar agallamh don MGO ag IOM ar an 8 Meitheamh agus tá seans ann go mbeidh an mac léinn seo i gclár an MGO i mí Mheán Fómhair 2023. Comhlíonadh na spriocanna don bhliain atá imithe thart agus rinneadh 7 gceardlann i mbunscoileanna, 13 cinn in iar-bhunscoileanna agus 3 cinn i suíomhanna breisoideachais.

Sa chlár faisnéise dar teideal Misneach a craoladh ar TG4 ar an 11 Eanáir, insíodh scéal faoi ghrúpa Taistealaithe Éireannacha agus faoin saol atá acu san ollscoil. Tá Claire Joyce sa chlár, a scannánaíodh anuraidh, agus labhraíonn sí go deisbhéalach faoina haistear mar mhúinteoir faoi oiliúint agus faoi thionchar an tionscadail TOBAR sa chaoi a raibh sí in ann teacht isteach ar oiliúint tosaigh múinteoirí. Fuair Claire céim sa chlár MGO i mí na Nollag 2022.

Institiúid Oideachais
MARINO
Institute of Education



**Erasmus+:**
***Supporting Inclusion and Diversity in Teaching Project (SIDiT, nó Tionscadal chun Tacaíocht a thabhairt don Ionchuimsiú agus don Éagsúlacht sa Mhúinteoireacht)***

Ba í seo an bhliain dheireanach den tionscadal ERASMUS+ SIDiT in éineacht le comhpháirtithe sa Ghréig, san Iodáil, sa Bheilg agus sa Chróit. Ba í aidhm SIDiT ná cur chuige i leith teagaisc agus foghlama a fhorbairt chun páistí ó chúlraí éagsúla a áireamh. Ba í Miriam Colum ceannaire na foirne ag IOM, agus bhí An Dr Maja Haals Brosnan, an Dr Aiveen Mullally, an Dr Sorcha Browne Byrne agus an Dr Barbara O'Toole i measc na mball foirne. Bhí an fhoireann freagrach as sraith straitéisí a thiomsú chun díriú ar chleachtais ionchuimsitheacha do pháistí ó chúlraí imirceacha. Sa tsraith straitéisí cuimsítear léargais ar ionchuimsitheacht idirchultúrtha agus cuir chuige phraiticiúla chun timpeallacht atá freagrúil ó thaobh cultúir de a ullmhú agus chun suíomhanna féideartha a chur le chéile do mhúinteoirí sna seomraí ranga. Is féidir an tsraith straitéisí a íoslódáil ar: www.siditproject.eu/deliverables.

I measc na ngníomhaíochtaí eile a rinneadh thar na trí bliana bhí cruinnithe comhpháirtíochta i ngach tír agus d'óstáil IOM comhdháil SIDiT i mí Feabhra i mbliana: cúrsa oiliúna múinteoirí a fhorbairt agus moltaí beartais i gcomhair oideachas idirchultúrtha. D'fhorbair an Dr Alison Egan an t-ardán ar líne don chúrsa oiliúna múinteoirí. D'óstáil IOM comhdháil ar líne sa dara bliain inar thug an Dr Rory McDaid eochairóráid ar thábhacht na hionchuimsitheachta do pháistí imirceacha.

Reáchtáladh an cruinniú deireanach den tionscadal san Aithin, áit ar óstáladh Siompóisiam na hEorpa don Ionchuimsitheacht i Scoileanna Dé hAoine, 9 Meitheamh in Institiúid Goethe na hAithne. Thug an Dr Alison an eochairóráid sa chruinniú deireanach san Aithin i mí an Mheithimh. D'éirigh go seoigh leis an tionscadal agus leanfaimid den teagmháil le comhpháirtithe agus muid ag scaipeadh na Sraithe Straitéisí.

**DICE**

Bhí an Dr David Nyaluke, ó *Proudly Made in Africa*, mar chomhéascaitheoir ar cheardlann ar chóir thrádála, *'The World in the Classroom'*, in éineacht le grúpa cúrsa roghnaigh BEd4, ar an 15 Meán Fómhair.

Thug Donna agus Ann O'Donnell caint ar chearta Taistealaithe in éineacht le grúpa cúrsa roghnaigh BEd4 ar an 6 Deireadh Fómhair.

Labhair Jane Mitchell, údar do pháistí ar bronnadh duaiseanna uirthi, faoin úrscéal a scríobh sí le gairid maidir le Soláthar Díreach in Éirinn, *'Run for your Life'*. Grúpa ó Léann Oideachais 2; agus ar fáil do lucht féachana níos leithne ar an 11 Deireadh Fómhair.

Labhair an Dr Ebun Joseph, ón *Institute of Anti-Racism and Black Studies (IABS)* faoin Teoiric Chriticiúil Ciníocha le mic léinn ón MES (ICLL agus ECE) ar an 1 Deireadh Fómhair.

Eagraíodh cuairteanna scoile chuig IOM mar chuid de chúrsa roghnach BEd4, *'The World in the Classroom'*. Thug páistí ó SN Naomh Caitríona sa Chabrach cuairt ar IOM ar an 20 Deireadh Fómhair agus an 10 Samhain. Chuir mic léinn sraith ceachtanna i láthair ón acmhainn *'Just Trade'*.

Rinne Niall Quillinan, Oifigeach Bunoideachais le Trócaire, cur i láthair ar ghníomhaíochtaí, ábhair agus acmhainní ón GCE don seomra ranga bunscoile.

Rinne Vera Shanahan, Oifigeach Bunoideachais Ag Foghlaim Le Chéile cur i láthair ar scoileanna comhionannas-bhunaithe.


Reáchtáladh ceardlann de chuid Chúnamh Éireann, faoi stiúir Niamh Cartwright ó Ionad Chúnamh Éireann, ar an 20 Aibreán. Ina dhiaidh sin, cuireadh póstaeir a rinne na mic léinn ar taispeáint ar fhuinneog Fhoirgneamh Nagle Rice: *'Imagining the world in 2030'*.

Labhair Megan Whyte ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann le mic léinn BEd1 faoi éiteas Scoileanna Náisiúnta Pobail ar an 18 Aibreán.

D'fhreastail an Dr Barbara O'Toole ar ócáid bhronnta Trócaire do bhuaiteoirí *Game Changers* ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa Helix i mBaile Munna ar an 22 Bealtaine.



# Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
## AG IOM



**Introduction to Black Studies (Bunchúrsa faoin Staidéar ar an gCine Gorm)**

Reáchtáladh an seimineár gréasáin *Introduction to Black Studies* do bhaill foirne agus mic léinn ar an 9 Feabhra, in éineacht le hOllscoil Mhaigh Nuad agus an *Institute for Anti-racism and Black Studies.*

**Campas Uathachas-Bháúil (Autism Friendly Campus)**

Mar chathaoirleach ar an gCampas Uathachas-Bháúil, chuaigh Suzy Macken i gcomhairle leis an gcoiste ar fad chun an dréachtiarratas do phainéal AsIam a chríochnú. Tá Suirbhéanna Céadfacha déanta ag Coiste an Champais Uathachas-Bháúil ar fud an champais agus bainfear úsáid astu siúd chun plean gníomhaíochta a chur le chéile ag dul ar aghaidh go Céim 2 (9 mí).

**Cuairt ar Ollscoil Oideachais Salzburg Stefan Zweig**

Thaistil an Dr Seán Delaney, Miriam Colum agus ionadaí ón Roinn Oideachais go Salzburg san Ostair chun cuairt a thabhairt ar Ollscoil Oideachais Salzburg Stefan Zweig agus chun bualadh le mic léinn agus baill foirne atá páirteach sa chlár ansin do mhic léinn atá faoi mhíchumas intleachtúil le gur féidir leo a bheith ina gcúntóirí ranga. Tá sé seo i gcomhréir le Sprioc 5 den Phlean Straitéiseach, "Cuirfimid rochtain, cothromas agus éagsúlacht chun cinn san oideachas"; is é sin, 'Cruthóimid cúrsa creidiúnaithe do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus foghlama'.

**Bonnchlár Idirnáisiúnta**

Sa séú bliain den chlár, glacadh le 115 tairiscint dheireanach agus chláraigh 110 mac léinn ó 23 náisiún éagsúil go rathúil i mí Mheán Fómhair. Reáchtáil ár mic léinn Úcránacha ón mBonnchlár Idirnáisiúnta cur i láthair ar a dtaithí ar an saol ó thosaigh an cogadh ar an 24 Feabhra. Déanann na baill foirne ón mBonnchlár Idirnáisiúnta agus ón Institiúid i gcoitinne bainistíocht thar cionn ar an bpróiseas seo agus tugann siad tacaíocht iontach do na mic léinn.

Ghlac na mic léinn páirt in imeachtaí ar Lá Idirnáisiúnta na mBan freisin agus ar an 23 Márta rinne siad a gcur i láthair bliantúil ar a dtionscadal póstaer sa Halla Spóirt. Tar éis dóibh staidéar allamuigh a dhéanamh ag Sí an Bhrú, dhírigh siad ar an láthair stairiúil seo ina gcuid póstaer agus chíor siad an láthair ar bhealaí éagsúla a bhaineann leis an staidéar a dhéanfaidh siad sa todhchaí san eolaíocht leighis, sa staidéar sóisialta, san innealtóireacht, sa ghnó, etc. Ár mbuíochas le Brendan White agus leis an bhfoireann ar fad as na himeachtaí seo a eagrú. D'eagraigh an Dr Derek Murphy socrúchán aon lae do roinnt mic léinn ionchasacha sa leigheas ón mBonnchlár Idirnáisiúnta. Tá na socrúcháin i gclinic othar seachtrach ag Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, agus leanann gach mac léinn ar leith na baill éagsúla den fhoireann leighis, agus é/í ag breathnú ar obair na foirne.

**Lá Fóraim Léachtóirí Mater Dei**


D'fhreastail an Dr Aiveen Mullally, an Dr Gerry O'Connell, an Dr Lily Barry agus Joe Tynan ar Lá Fóraim na Léachtóirí le hOideachas Reiligiúnach, a d'óstáil Ionad Mater Dei don Oideachas Caitliceach in OCBÁC ar an 30 Lúnasa 2022.

**Cuairt ar Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste**

Thug an Dr Rory McDaid, an Dr Gene Mehigan agus an tOll. Teresa O'Doherty cuairt ar Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste ar an 15 Meán Fómhair. Chuir an tOll. Jonathan Heggarty (Uachtarán), an Dr Noel Purdy (Stiúrthóir Taighde) agus an fhoireann i gcoitinne ag an Sruthán Milis fáilte chroíúil romhainn. Rinneamar plé fíorspéisiúil ar an taighde agus ar shineirgí féideartha eile.

**An Creat um Aitheantas don Cháilíocht chun Oideachas Eiticiúil, Il-Chreidimh agus Luachanna a Mhúineadh i Scoileanna Ag Foghlaim Le Chéile agus Scoileanna Náisiúnta Pobail**

D'fhreastail an Dr Aiveen Mullally ar an gcruinniú tionscnaimh mar ionadaí IOM ar an gcoiste forbartha don Chreat um Aitheantas don Cháilíocht chun Oideachas Eiticiúil, Il-Chreidimh agus Luachanna a Mhúineadh i Scoileanna Ag Foghlaim Le Chéile agus Scoileanna Náisiúnta Pobail *(Framework for the Recognition of Qualification to Teach Ethical, Multi-Belief and Values Education in Educate Together and Community National Schools)* ar an 17 Deireadh Fómhair.






# Folláine agus Séiplíneacht

AG IOM

### Aifreann ag Tús na Bliana Acadúla

Ar an 6 Deireadh Fómhair reáchtálamar ceann de na searmanais bhliantúla is taitneamhaí dár gcuid - Aifreann chun tús na bliana acadúla a cheiliúradh. Ba iad an tArdeaspag Dermot Farrell agus an Moinsíneoir Dan O'Connor a chomhcheiliúir an tAifreann seo le cúnamh ón Deagánach Gerard Reilly. I dteannta líon an-mhór ball foirne agus mac léinn ó IOM, d'fhreastail príomhoidí, baill foirne agus daltaí ó na scoileanna seo a leanas ar an Aifreann: Ardscoil Rís; Scoil Naomh Dáithí, Ard Aidhin; Coláiste Mhuire; Meánscoil Naomh Muire, Glas Naíon; Scoil Náisiúnta Bhantiarna na mBuanna do Chailíní, Baile Munna; Scoil Náisiúnta Shinsearach Mhuire, Darndál; Scoil Naomh Micheál, na Sceirí; Scoil Speisialta Naomh Micheál, Baile Munna; agus Oifigeach Oideachais, grúpa Theach Naomh Micheál.

### Ealaíontóirí Cónaithe

Ní ba luaithe i mbliana chomhoibrigh roinnt ball de Rannóg na nEalaíon, na Matamaitice, an Chorpoideachais agus an Oideachais Luath-Óige ar iarratas ar dhá chónaitheacht chistithe sa scéim Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas leis an gComhairle Ealaíon. D'éirigh leis an bhfoireann, i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí a roghnaíodh, agus bronnadh €40,000 chun tacú leis na cónaitheachtaí don bhliain acadúil seo ag IOM. Thosaigh Colm Ó Foghlú, Duffy Mooney-Sheppard agus a comhoibrí, Darren Yorke, ar chéim chomhairliúcháin in éineacht le baill foirne agus mic léinn ar fud na hInstitiúide.

Reáchtáil Colm Ó Foghlú, i gcomhar leis an bhfoireann Ealaíon, ceardlann ar an gclog láimhe do bhaill foirne agus mic léinn ar an 13 Meán Fómhair. Ní ba dhéanaí sa mhí, chruthaigh Colm agus Eileen Keane (léachtóir le hAmharc-ealaíona) suiteán sealadach bunaithe ar bhailiúchán IOM de shaothair Maria Simmond Gooding. Sa suiteán baineadh leas as na sineirgí nádúrtha idir saothair Choilm agus Maria, agus fuair an bheirt acu spreagadh ón saol ar na Blascaodaí agus ó aslonnú mhuintir na n-oileán sin. Reáchtáladh an suiteán ar an 23 Meán Fómhair agus bhí Oíche Chultúir, ceiliúradh náisiúnta, ar siúl an oíche chéanna.

### Grúpa Forbartha na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Glacadh le Suzy Macken isteach sa ghrúpa den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don churaclam nua bunscoile agus d'fhreastail sí ar imeacht in Óstán Hodson Bay i mBaile Átha Luain ar an 10 Samhain. Mar bhall den Ghrúpa Folláine, leanfaidh Suzy dá hobair chun Curaclam nua Folláine a fhorbairt mar chuid de ghrúpa níos mó le hionadaithe ó scoileanna, soláthraithe tríú leibhéal eile, ionadaithe ceardchumainn agus forais oideachais i gcoitinne.

### An Tionscadal Colainne (The Body Project)

Thug Lynne Chen, Comhairleoir Mac Léinn IOM, agus Feargal Ó Laighin, Rannóg an Ionchuimsithe, an Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol an Mhic Léinn, cuireadh chuig mic léinn páirt a ghlacadh sa Tionscadal Colainne. Dearadh an Tionscadal Colainne do mhic léinn atá faoi thionchar idéil ó thaobh na cuma atá orthu de. Is é an chéad chlár ceardlann é a bhfuil an eolaíocht mar bhonn agus taca aige ina ndírítear ar íomhá colainne. Braitheann os cionn 80% d'fhir agus de mhná atá in aois coláiste go bhfuil brú orthu meáchan áirithe a bheith iontu nó cuma áirithe a bheith orthu. Féadann teagmháil le hidéil neamhréalaíocha trí na meáin an-drochthionchar a bheith aici ar d'fhéinmheas agus d'íomhá colainne féin agus ar fhéinmheas agus íomhá colainne daoine eile. Bealach éifeachtach is ea an Tionscadal Colainne chun amhras a chaitheamh ar dhearcthaí mac léinn maidir leis an idéal fíorthanaí agus chun íomhá níos dearfaí a chothú díobh féin. Is bealach é chun cur in aghaidh na dteachtaireachtaí neamhréalaíocha cultúrtha faoin gcolainn "idéalach" freisin agus chun inghlacthacht méideanna éagsúla colainne a chur chun cinn. Lena chois sin, foghlaimeoidh rannpháirtithe scileanna nithiúla chun amhras a chaitheamh ar na steiréitíopaí traidisiúnta agus chun gníomhú ar son dearfacht faoin gcolainn.

# Folláine agus Séiplíneacht
AG IOM

**An Fhoireann Séiplíneachta**

Cuireadh foireann nua séiplíneachta le chéile. Tá Lily Barry, Miriam Colum, Ciarán Fogarty, Andrea Uí, Feargal Ó Laighin, Cian Mac Aodhagáin, Edmond Gubbins, Joe Tynan agus Marie Whelton ar an bhfoireann. Is í Ava Smith, mac léinn ó B.Sc. Léann Oideachais 1 an t-ionadaí nua do na mic léinn. Mar is gnách don Fhoireann:

- bhí siad ar fáil do bhaill de phobal IOM ar cailleadh daoine muinteartha leo, thar ceann IOM, trí ríomhphoist, tríd an nguthán agus trí chártaí;
- rinne siad teagmháil le pobal IOM de réir mhianta na ndaoine ar cailleadh daoine muinteartha leo;
- thug siad eolas do mhic léinn ar cailleadh daoine muinteartha leo maidir le seirbhísí tacaíochta eile a sholáthraíonn IOM agus chuir siad mic léinn ar aghaidh chuig comhairleoir nuair ba chuí.

**Ceardlann Capacitar**

D'éascaigh an Dr Aiveen Mullally an Capacitar *Self-Care and Wellness Workshop* (Ceardlann Capacitar ar Fhéinchúram agus Folláine) do 15 dhuine, idir mhic léinn agus bhaill foirne, ar an 17 Deireadh Fómhair.

**Cruinniú Meitheal**

Tionól neamhfhoirmiúil de bhaill foirne is ea foireann Meitheal agus tagann siad le chéile lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí tacaíochta ag teacht lena chéile. D'eascair an grúpa seo as an imní go bhféadfadh trasnaíl a bheith ann sa soláthar, ach lena chinntiú nach mbeadh aon bhearnaí ann ó thaobh eispéireas na mac léinn de freisin. I measc na mball den fhoireann seo tá: Aimie Brennan, Aiveen Mullally, Breed Murphy, Brendan White, Cian Mac Aodhagáin, Ciarán Ó Mathuna, Deirdre Flynn, Genevieve Larkin, Gerry O'Connell, Lily Barry, Lynne Chen, Miriam Colum, Sandra Austin, Shauna Cassidy, Uachtarán Aontas na Mac Léinn, agus Suzy Macken.

**Do Good Seek Justice**

Reáchtáladh Seachtain na hUrnaí ar son Aontacht Chríostaí, 2023, *"Do Good, Seek Justice"*, ar an 18–25 Eanáir. Ba í an Dr Lily Barry an príomhchainteoir ag an gComhdháil Idirdheoiseach do Mhúinteoirí Oideachais Reiligiúnaigh i gCeatharlach ar an 24 Eanáir.

**Dancing with the Stars, Ceardlann agus Taispeántas faoi Smailceacha Sláintiúla**

Reáchtáladh roinnt imeachtaí folláine i mí Eanáir, ceardlann damhsa le Maurizio Benenato ó *Dancing with The Stars* ar RTÉ agus taispeántas faoi smailceacha sláintiúla le Kate McDaid, imreoir do Bhaile Átha Cliath agus saineolaí cothúcháin, ina measc agus iad araon ar siúl ar an 17 Eanáir. Reáchtáladh rang ióga as Gaeilge le Ciarán ó Óga Yoga agus ceardlann súgartha le Darren Yorke, ealaíontóir cónaithe, 18 Eanáir. Bhí ceardlann folláine san fhíodóireacht páipéir ar siúl Déardaoin, 19 Eanáir leis an ealaíontóir cónaithe eile ag IOM, Duffy Mooney.





# Folláine agus Séiplíneacht
AG IOM

**Soláthraithe an Chláir Cúnaimh d'Fhostaithe**

Reáchtáladh cruinniú don fhoireann ar fad ar an 10 Feabhra. Mar chuid den chruinniú seo, bhí cur i láthair ó Jonathan Cody, Bainisteoir Cuntas ó Inspire, ár soláthraithe don Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe. Mhínigh sé na tacaíochtaí atá ar fáil tríd an tseirbhís agus chuir sé in iúl do dhaoine gur féidir le baill a gcuid teaghlach úsáid a bhaint as an acmhainn seo freisin. Go nuige seo, tá líon measartha daoine tar éis an tseirbhís a úsáid ach táthar ag súil go mbeidh tuiscint níos doimhne ag daoine ar na seirbhísí mar thoradh ar an gcur i láthair seo agus go dtiocfaidh méadú ar an rannpháirtíocht dá bharr.

**An Comhimeacht 'Catholic Schools and Climate Justice' ('Scoileanna Caitliceacha agus an Ceartas Aeráide')**

D'eagraigh an Dr Aiveen Mullally an comhphlé agus an dinnéar ar an 8 Márta mar chuid d'obair an Ionaid don Oideachas Reiligiúnach. Ba é an téama i mbliana ná *'Catholic Schools and Climate Justice'* ('Scoileanna Caitliceacha agus an Ceartas Aeráide') agus ba í an Dr Lorna Gold an t-aoichainteoir. D'fhreastail 61 rannpháirtí ó pháirtithe leasmhara Caitliceacha éagsúla ar an imeacht.

**An Chomhpháirtíocht don Oideachas Caitliceach (Catholic Education Partnership)**

Bhuail Alan Hynes, POF na Comhpháirtíochta don Oideachas Caitliceach (*Catholic Education Partnership*, nó CEP) leis an tOll. Teresa O'Doherty (Uachtarán), Miriam Colum (Ceann Rannóige) agus an fhoireann don Oideachas Reiligiúnach ar an 20 Márta chun obair an CEP agus ról an oideachais tríú leibhéal san oideachas Caitliceach a phlé.

**Siúracha Moslamacha na hÉireann**

Ar an 18 Aibreán d'fhreastail an Dr Lily Barry ar imeacht ag OCBÁC chun airgead a tiomsaíodh a thabhairt do Shiúracha Moslamacha na hÉireann, carthanas cláraithe a riarann béilí ar dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath. Bhí baint ag OCBÁC san fheachtas *'Easter Chick'* chun airgead a thiomsú agus thacaigh Marino leis an imeacht seo trí €200 a thiomsú. Moladh baill foirne agus mic léinn as a gcuid iarrachtaí agus a gcuid tacaíochta.

**Walking Meditation of the Labyrinth (Machnaimh Siúil i gCathair an Ghríobháin)**

Ar an 20 Aibreán bhuail 34 dalta ó rang 4 i Scoil Mobhí, Glas Naíon le mic léinn Chorpoideachas BOid1 ar an gcampas. Tar éis dóibh páirt a ghlacadh i gceachtanna agus mioncheachtanna a thug múinteoirí faoi oiliúint ó BOid1 bhuail na daltaí leis an Dr Lily Barry i gcomhair machnamh siúil sa Labyrinth. Bhain na daltaí an-taitneamh as an eispéireas agus ba bhealach álainn é lena gcuairt orainn in Marino a cheiliúradh.

**Achainí Chrith Talún na Tuirce/na Siria**

D'eagraigh Catherine Harrington agus Miriam Colum cuairt speisialta ó bheirt nianna le Catherine, Ryan (9 mbliana) agus Archie (4 bliana) ar an 27 Márta. Choigil Ryan airgead ó bhreithlaethanta, ón Nollaig agus ó ócáidí ceiliúrtha eile agus chaith sé an t-airgead sin ar chlúidíní, bia agus leabhair a thug sé d'achainí chrith talún na Tuirce/na Siria. Thug Ryan agus Archie cuid dá mbréagáin féin nach n-úsáideann siad a thuilleadh freisin ionas gur féidir le páistí eile taitneamh a bhaint astu. Thacaigh mic léinn agus baill den fhoireann Séiplíneachta leis an gcuairt.






# Folláine agus Séiplíneacht

## AG IOM

### Ramadan

Bhí séasúr Ramadan ar siúl ón 22 Márta go dtí an 20 Aibreán. Tugadh tacaíocht dár bpobal Moslamach trí ríomhphoist, póstaeir agus paidreacha le linn a n-aistir an mhí sin.

### Grúpa Comhairleach Idir-Reiligiúnach

D'fhreastail an Dr Aiveen Mullally ar an nGrúpa Comhairleach Idir-Reiligiúnach do Chomhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann.

### Cúrsa spioradálta ar Inis Mór

D'eagraigh an Dr Aiveen Mullally cúrsa spioradálta, *'Journey of the Heart'* ('Aistear an Chroí'), agus beidh sí ina comhéascaitheoir air seo ar Inis Mór (23-25 Meitheamh). Tá lúcháir ar IOM urraíocht a thabhairt do roinnt baill foirne chun páirt a ghlacadh sa chúrsa spioradálta seo.

### Ealaíontóir Cónaithe

Fuaireamar an-dea-scéala ón gComhairle Ealaíon ina ndúirt siad gur éirigh lenár dhá n-iarratas do Cholm Ó Foghlú, ealaíontóir, agus Duffy Mooney Sheppard, príomhealaíontóir; agus le Darren Yorke, comhoibrí. Bhronn an Chomhairle Ealaíon €40,000 san iomlán chun tacú leis na healaíontóirí leanúint dá gcuid oibre ag IOM an bhliain acadúil seo chugainn.

### Guth an Pháiste maidir leis an Oideachas Reiligiúnach


Bhí baint ag an Dr Aiveen Mullally i dtaighde allamuigh agus bailiú sonraí i mbunscoil i Maigh Nuad i gcomhair an tionscadail taighde ar Ghuth an Pháiste maidir leis an Oideachas Reiligiúnach. Comhthionscadal taighde is ea é seo i gcomhar le comhghleacaithe san Oideachas Reiligiúnach i gColáiste Mhuire gan Smál agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### Kindness, Learning and Helping Others (An Cineáltas, an Fhoghlaim agus Cabhair do Dhaoine Eile): Scéal Éamann Rís

Chuir an tSéiplíneacht, i gcomhar le Feargal Ó Laighin agus Miriam Colum, ionadaithe ó Rannóg an Ionchuimsithe, an Oideachais Reiligiúnaigh agus Shaol an Mhic Léinn, fáilte roimh 75 mac léinn agus a múinteoirí ó Scoil Mhuire, Ascaill Uí Ghríofa, le duaiseanna a bhronnadh orthu do chomórtas ealaíne Éamann Rís. Ba é an teideal a bhí ar an gcomórtas ná: *Kindness Learning and Helping Others: The story of Edmund Rice* (An Cineáltas, an Fhoghlaim agus Cabhair do Dhaoine Eile: Scéal Éamann Rís). Ba iad an Dr Joan Kiely agus an Dr Gene Mehigan na moltóirí agus ba í Joan a bhronn na duaiseanna. Rinne Joan agus Gene comhghairdeas leis an ngrúpa as an obair iontach a rinne siad agus labhair Joan faoin mbealach ar roghnaigh siad na buaiteoirí. Mhínigh sí go rabhamar ag lorg roinnt fíricí faoi Éamann agus faoina shaol agus a chuid oibre mar aon le pictiúir.

### Respond

Chuir an tSéiplíneacht fáilte roimh bhaill foirne agus teaghlaigh ó Respond ar an 22 Meitheamh nuair a thug siad cuairt ar an gcampas inar bhuail siad le baill foirne agus mic léinn a mbeidh baint acu leo sa todhchaí. Tugadh na tabhartais ar fad ónár *'Christmas Giving Tree Appeal'* i mí na Nollag don Respond Housing Hub ar Bhóthar Gracepark. Léirigh na teaghlaigh seo spéis in obair a dhéanamh lenár mic léinn ón BSc sa Léann Oideachais an seimeastar seo chugainn ar shealbhú teanga agus seisiúin súgartha do na páistí. Bhí deis neamhfhoirmiúil acu an lá sin aithne a chur ar na baill foirne ábhartha ag IOM a bheidh ag obair leo.



Tá IOM ag cur lenár dtraidisiún saibhir d'oideachas taighdethreoraithe agus fianaisebhunaithe agus muid ag tosú ar chéim nua gníomhaíochta taighde, agus tá béim mhéadaithe ar an taighde feidhmeach mar shaintréith den ghníomhaíocht sin. Le linn 2022-2023, chuireamar leis an teagmháil taighde le IOM trí chomhdhálacha idirnáisiúnta a óstáil, páirt a ghlacadh i dtionscadail chomhoibríocha agus roinnt ardán a úsáid chun taighde IOM a scaipeadh agus a chur in iúl.

# Tionscadail agus Foilseacháin

AG IOM

Bíonn gníomhaíochtaí taighde laistigh den Institiúid ag teacht go dlúth le Treoirphrionsabail agus tosaíochtaí straitéiseacha IOM. I measc na ngníomhaíochtaí taighde tá tionscadail chomhoibríocha, seimineáir agus siompóisiamaí agus tá gach ceann díobh seo mar thaca chun aird a tharraingt ar an taighde mar thosaíocht laistigh den Institiúid. Dhréachtaigh IOM a Straitéis Taighde tionscnaimh in 2022-2023 agus táimid tiomanta díriú ar thrí phríomhthoradh: ar an gcéad dul síos, an Institiúid a chur chun cinn mar cheannaire sa taighde oideachais feidhmeach; ar an dara dul síos, acmhainn taighde na hinstitiúide a mhéadú; agus ar deireadh, cultúr gníomhach taighde a leabú in IOM. Sna tionscadail seo a leanas a rinneadh in 2022-2023, léirítear fairsinge na ngníomhaíochtaí taighdethreoraithe á stiúradh ag baill foirne de chuid IOM atá mar bhonn agus taca ag uaillmhianta na cáipéise straitéise atá ag teacht chun cinn.

### Educational Knowledge Transfer – EKT (Aistriú Eolais Oideachasúil)

Sa tionscadal seo, Aistriú Eolais Oideachasúil, tugadh saineolas le chéile ó aon eagraíocht déag i sé thír san AE a bhíonn ag plé le hoiliúint tosaigh múinteoirí nó ar cuideachtaí iad a bhíonn ag plé le seirbhísí ríomhfhoghlama oideachais a dhearadh, a fhorbairt agus a chur ar fáil. Nuair a tugadh an dá fhoireann ceannairí le chéile, bhí deis uathúil ann d'úsáideoirí agus forbróirí teicneolaíochta tuiscint a fháil ar riachtanais foghlama mhúinteoirí na todhchaí. Rinneadh iarracht ar leith sa tionscadal na cleachtais a bhaineann le socrúcháin scoile a fheabhsú agus lean sé ar aghaidh i rith thréimhse na paindéime domhanda. Bhí an fhoireann Éireannach faoi stiúir an Dr Alison Egan agus, in éineacht le Miriam Colum agus le John Hurley ó H2Learning, d'úsáid sí ábhair ar bhonn píolótach le fochéimithe.

### An Tionscadal ALPACA

I mí Feabhra 2022 bronnadh maoiniú €300,000 ar an tionscadal ALPACA *(Assessing Letter Knowledge and Phonemic Awareness Classroom App,* nó Aip chun Eolas ar Litreacha agus Feasacht ar Fhóinéimí a Mheasúnú) trí Chiste Tráchtálaíochta Fhiontraíocht Éireann le huirlis dhigiteach fhianaisebhunaithe a chruthú agus a fhorbairt chun scileanna luathlitearthachta páistí a mheasúnú. Is é príomhchuspóir ALPACA:

- bunscileanna litearthachta páistí a shainaithint agus treoir a thabhairt don teagasc a theastaíonn le go bhforbróidh siad mar léitheoirí rathúla; agus
- monatóireacht rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn páistí atá ag fáil teagaisc san fheasacht ar fhóinéimí agus san eolas ar litreacha.

D'fhorbair an Dr Jennifer O'Sullivan, IOM agus foireann comhghleacaithe ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Learnovate uirlis dhigiteach (ALPACA) chun feasacht páistí ar fhóinéimí agus eolas páistí ar litreacha a mheas. Táthar ag súil go bhfuil an uirlis dhigiteach chomh tráthúil sin agus chomh héasca sin le húsáid go gcuirfear measúnú scileanna luathlitearthachta páistí chun cinn i scoileanna dá barr. Triaileadh an uirlis i scoileanna ar feadh bliana agus riaradh ALPACA i réimse scoileanna laistigh d'Éirinn agus thar lear araon (Tuaisceart Éireann, Texas, an Mhalaeisia, agus Dubai).

D'fhéadfadh an tionscadal nuálach seo tionchar dearfach a imirt ar chumas scoileanna páistí atá i mbaol moilliú/deacrachtaí léitheoireachta a shainaithint ag céim luath, agus cuireadh ar an ngearrliosta é do ghradam teicneolaíochta Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann *'Outstanding Academic Achievement of the Year'* ('Sárghaisce Acadúil na Bliana').

### CoSTaR
### An tionscadal Communities of Student Teachers as Readers (Pobail Múinteoirí faoi Oiliúint mar Léitheoirí)

Tá Clara Fiorentini páirteach sa tionscadal CoSTaR – Pobail Múinteoirí faoi Oiliúint mar Léitheoirí – tionscadal chun tacú le léitheoireacht os ard do mhic léinn san oiliúint tosaigh múinteoirí, i gcomhar leis an Dr Geraldine Magennis, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Chun cleachtóirí éifeachtacha a dhéanamh de mhúinteoirí, ní mór dóibh a bheith thar a bheith liteartha agus a bheith in ann an litearthacht a mhúineadh go héifeachtach.

Dá bhrí sin, gné lárnach den teagasc agus foghlaim bunscoile is ea scileanna saoil, leithéidí litearthachta agus léitheoireachta go háirithe. Ar an gcúis sin, sa tionscadal seo tugtar eispéiris chomhoibríocha éagsúla, atá dírithe ar an gcur chuige teagaisc 'léitheoireacht os ard', do mhúinteoirí faoi oiliúint. Ceithre chéim atá ann agus tugtar deis do mhic léinn ag gach céim cur lena gcuid eolais agus scileanna i dtaca le ceachtanna sa léitheoireacht os ard a roghnú, a phleanáil agus a dhéanamh lena n-úsáid ar shocrúchán scoile agus ina ngairmeacha sa todhchaí. Tacaítear le múinteoirí faoi oiliúint atá páirteach sa tionscadal taighde seo agus iad ag ullmhú agus ag pleanáil chun modheolaíochtaí don 'léitheoireacht os ard' a úsáid sa seomra ranga bunscoile. Cuimsítear eiseamláiriú, struchtúir phleanála, moltaí maidir le leabhair agus aiseolas ar fheidhmíocht le hábhar an tionscadail. Bhí Céim a Dó den tionscadal seo ar siúl i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta agus ghlac mic léinn ó BEd1 agus PME1 páirt i gclinicí sa léitheoireacht os ard.

### Learners as Co-Creators of their own Learning (LeCoLe, nó Foghlaimeoirí mar Chomhchruthaitheoirí a bhFoghlama féin)

Tionscadal 29 mí de chuid Erasmus+ ab ea LeCoLe agus tugadh chun críche é in 2023; sa tionscadal seo, pléadh taithí agus dea-chleachtas na dtíortha comhpháirtíochta agus iad ag tacú le rannpháirtíocht ghníomhach foghlaimeoirí (mic léinn agus múinteoirí araon) agus iad ag pleanáil, ag cur i bhfeidhm agus ag measúnú an phróisis foghlama ionas gur féidir leo a bheith mar chomhchruthaitheoirí a gcuid foghlama féin laistigh de phróiseas foghlama comhoibríoch. Ba iad *National Education Content Centre* (an Laitvia), in éineacht le comhpháirtithe ó Institiúid Oideachais Marino (Éire), *Education Development Center* (an Laitvia); *Ministry of Education and Science* (an Phortaingéil), *European Education & Learning Institute* (an Ghréig) agus *University of Iceland* (an Íoslainn) a chomhordaigh an tionscadal.

Bhí ról ceannais ag an Dr Aimie Brennan, Institiúid Oideachais Marino, i léiriú na sraithe podchraoltaí *"Learners as Co-creators of Their Own Learning"*, a raibh sé mar aidhm aici feasacht oideoirí a spreagadh agus tuiscint oideoirí a neartú ar iliomad modhanna teagaisc ina dtacaítear le rannpháirtíocht ghníomhach foghlaimeoirí sa phróiseas foghlama agus i gcomhthéacsanna éagsúla.

Reáchtáladh siompóisiam maidir le Comh-Chruthú san Oideachas, faoi stiúir an Dr Aimie Brennan agus an Dr Colleen Horn, ag IOM ar an 27 Aibreán 2023. I measc na n-aoichainteoirí bhí Hannah Kelly, Bainisteoir Cláir an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn, a labhair faoin tábhacht a bhaineann le guth an mhic léinn sa chinnteoireacht, agus Robbie Irwin, a thug ceardlann maidir le teicneolaíocht a úsáid chun rannpháirtíocht mac léinn agus daltaí a spreagadh i dteagasc agus foghlaim.

Aithníonn IOM lárnacht ghuth an mhic léinn i nDearbhú agus Feabhsú Cáilíochta agus bhí ríméad orainn dul i bpáirt le comhghleacaithe sa chlár oibre seo. Sa tionscadal rinneadh cartlann dhigiteach ar an gcomhchruthú sa phróiseas teagaisc agus foghlama laistigh agus lasmuigh den seomra ranga agus is féidir teacht ar an gcartlann seo ar: https://lecole.hi.is

### Gníomhaíochtaí EREBB (Edmund Rice Education Beyond Borders, nó Oideachas Thar Theorainneacha Éamann Rís)

*Cúrsa ar líne sa Cheannaireacht*

Ar an 26 Meán Fómhair cuireadh tús leis an 11ú babhta de Chúrsa ar Líne sa Cheannaireacht an EREBB, agus é á mhodhnú ag an Dr Aiveen Mullally, agus bhí rannpháirtithe de chuid na hAstráile, Cheanada, na hÉireann, na Céinia, na hAfraice Theas agus Uragua i láthair.

*Comhdháil Dhomhanda an EREBB*

Thug IOM cuireadh do thoscairí ón gComhdháil Dhomhanda, a reáchtáladh in OCBÁC, cuairt a thabhairt ar IOM mar chuid den tumchlár roimh an gcomhdháil. Bhí ríméad ar IOM fáilte a chur roimh 180 toscaire ar an 15 Bealtaine, nuair a thug Ciarán Fogarty léacht ar IOM mar chliabhán ghluaiseacht dhomhanda oideachais Edmund Rice, agus d'éascaigh an Dr Aiveen Mullally agus an Dr Lily Barry araon deasghnáth sa séipéal. Bhí dinnéar do chách sa phroinnteach ina dhiaidh sin.





### InSCoPE - Inclusive and Sustainable Post-Covid Pedagogy (Oideolaíocht Ionchuimsitheach agus Inbhuanaithe sa Ré IarCovid): Iniúchadh ar Chleachtais Ardchaighdeáin i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige i dTíortha Éagsúla sa Ré iarCovid

Agus é á chistiú ag deontas KA2 Erasmus, déantar iniúchadh sa tionscadal seo agus malartaítear taithí ar conas a úsáideadh eolas agus cleachtais oideolaíochta lena bhfeabhsaítear ionchuimsiú, éagsúlacht agus comhionannas mar fhreagra ar shrianta Covid-19 i suíomhanna cúraim agus oideachais luath-óige le linn na paindéime. Déantar iarracht sa tionscadal seo eolas nua a fhorbairt ar conas is féidir le cleachtas ionchuimsitheach mar seo a bhuanú sa todhchaí agus le linn tréimhsí géarchéime. Ba iad an Dr Maja Haals Brosnan (PI MIE) agus an Dr Rhona Stallard, in éineacht le comhpháirtithe ó UCSYD (an Danmhairg) agus University Nord (an Iorua), bhí i gceannas ar an tionscadal seo, ar cuireadh tús leis in 2023 agus a thabharfar chun críche i mí na Nollag 2025.

### Marino Storytime Project (Tionscadal Ama Scéalaíochta Marino)

Reáchtáladh an 22ú leagan de Thionscadal Ama Scéalaíochta Marino, faoi stiúir an Dr Joan Kiely, ag IOM ar an 19 Deireadh Fómhair (ceardlann ionduchtaithe do thuismitheoirí) agus ar an 7 Nollaig 2022 (searmanas bronnta do pháistí agus tuismitheoirí). Fuair 65 tuismitheoir agus 65 páiste seacht leabhar pictiúr lena léamh agus le páirt a ghlacadh i bpróiseas na léitheoireachta scéalta dialógaí, ar cineál léitheoireachta i gcomhpháirt í ina ndírítear ar theanga bhéil agus cumas gníomhúcháin páistí. Tá páirt glactha ag 1,013 teaghlach ó limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath Thuaidh sa tionscadal go nuige seo, agus tá sé ar an bhfód le trí bliana déag anuas. Tá Tionscadal Ama Scéalaíochta Marino ag teacht le treoirphrionsabail a trí agus a sé de chuid Marino, is é sin cláir oideachais a chur ar fáil chun tacú le daoine imeallaithe agus lena gcumasú agus cúnamh a thabhairt do thuismitheoirí lena gcuid freagrachtaí mar oideoirí a chomhlíonadh.

### Meastóireacht ar Tús Níos Fearr (Better Start), ina ndírítear go háirithe ar Sheirbhís Forbartha Cáilíochta Luathbhlianta Náisiúnta Tús Níos Fearr.


Tá an *Centre for Effective Services (CES)*, i gcomhpháirtíocht le baill d'Institiúid Oideachais Marino, ag tabhairt faoi mheastóireacht ar Tús Níos Fearr ina ndírítear go háirithe ar Sheirbhís Forbartha Cáilíochta Luathbhlianta Náisiúnta Tús Níos Fearr. Sa taighde, atá á chistiú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, déantar iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. An gcuireann seirbhís forbartha cáilíochta Tús Níos Fearr le cáilíocht fheabhsaithe chleachtais i suíomhanna foghlama agus cúraim luath-óige?
2. An gcuireann seirbhís forbartha cáilíochta Tús Níos Fearr le torthaí feabhsaithe?
3. An bhfuil an cur chuige reatha cuí sa chomhthéacs náisiúnta?

Chun na ceisteanna seo a fhreagairt, tá sé i gceist ag an bhfoireann meastóireachta 'dearadh pragmatach meastóireachta' a úsáid ina mbaintear úsáid as iliomad modhanna taighde chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, torthaí agus oiriúnacht cláir chasta agus tá tuarascáil le bheith réidh faoi mhí na Nollag 2023.

### Léirbhreithniú ar an Litríocht chun Tacú le Forbairt Sonraíochta Curaclaim i Réimse an Oideachais Ealaíon

Mar chuid den athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile, lorg an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tairiscintí chun tabhairt faoi léirbhreithniú ar an litríocht chun tacú le hobair na Comhairle chun an cur chuige agus an t-ábhar i leith Oideachas ealaíon i mbunscoileanna a leasú. Foireann ó IOM agus TCD, is é sin an tOll. Carmel O'Sullivan (PI) (TCD), an Dr Elaine Clotworthy (PI) (IOM), an Dr Mary Nugent (IOM), an Dr Susanne Colleary (TCD), an Dr Eileen Keane Niland (IOM), an Dr Edmond Gubbins (IOM) agus an Dr Marita Kerin (TCD), a thug faoin tionscadal seo chun léirbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht a sholáthar chun tacú leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le sonraíocht churaclaim a fhorbairt i réimse curaclaim an Oideachais Ealaíon.






## Tionscadail Leabharlainne:

*Tionscadal Measúnaithe Bailiúcháin*

D'fhorbair IOM beartas nua forbartha bailiúcháin mar fhreagairt ar na PTFanna sa phleanáil straitéiseach. Agus an beartas seo á chur i bhfeidhm, rinneadh anailís dhomhain ar ár stoc reatha, iniúchadh cuimsitheach ar liostaí léitheoireachta, agus anailís ar luanna i dtaca le taighde ball foirne agus mac léinn, agus baineadh úsáid astu siúd chun láidreachtaí agus bearnaí sna hacmhainní clóite agus ar líne a mheasúnú chun tacú níos mó le taighde, teagasc agus foghlaim. Tá an leabharlann ag súil lenár gcuid bailiúchán clóite a éagsúlú agus a shaibhriú, leis an rochtain ar acmhainní digiteacha agus foilseacháin taighde a mhéadú, agus le réimse trealamh ilfheidhmeach a fháil chun tacú le teagasc agus foghlaim. Táimid tiomanta sa tionscadal seo freastal ar riachtanais athraitheacha ár mboinn úsáideoirí agus do chuspóirí oideachais agus taighde na hinstitiúide a chur chun cinn.

*Córas Bainistíochta Leabharlainne*

Thosaigh baill foirne leabharlainne ag obair ar thionscadal suntasach córais trí riachtanais acmhainní a mheas agus trí ardán nua-aimseartha foinse oscailte a roghnú i gcomhair seirbhísí leabharlainne, lena n-áirítear bainistíocht leictreonach acmhainní agus anailísíocht den chéad ghlúin eile. Cuireadh tús oifigiúil le cur i bhfeidhm Folio i mí na Samhna agus ba chloch mhíle shuntasach é sin san aistear chun mic léinn agus baill foirne a cheangal go saoráideach le bailiúcháin na leabharlainne.

*Bogearraí Liosta Léitheoireachta*

Chun bainistíocht acmhainní a chuíchóiriú agus eispéireas foriomlán foghlama ár mac léinn a fheabhsú, thionscain an leabharlann tionscadal chun bogearraí Liosta Léitheoireachta a chur i bhfeidhm. Tá an tionscadal sceidealaithe le bheith leata amach in 2024 agus beidh ról ríthábhachtach aige chun rochtain ar ábhair éagsúla cothrom le dáta a chur chun cinn. Trí ábhair léitheoireachta a dhigitiú agus trí ardán so-úsáidte a sholáthar chun liostaí léitheoireachta a choimeád agus a chur ar fáil, tá an Leabharlann ag tacú go gníomhach leis na straitéisí nua digiteacha agus taighde laistigh den Instititiúid agus, ar deireadh thiar, ag feabhsú rochtain agus úsáid na n-acmhainní oideachais.



# Tionscadail Bhonneagair

AG IOM

## An t-eolas is deireanaí ar TF agus Ríomhfhoghlaim

*Athbhreithniú ar Cháilíocht*

Rinneadh athbhreithniú seachtrach cáilíochta ar an Rannóg TF i mí na Nollag 2022. Mar chuid den athbhreithniú sin, cuireadh tuarascáil mheasúnaithe faoi bhráid painéal seachtrach ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar IOM ar feadh dhá lá i mí na Nollag, nuair a tugadh cuireadh do rannóga agus páirtithe leasmhara éagsúla bualadh leis an bpainéal. Mar thoradh air sin, fuair an rannóg TF 22 moladh maidir le feabhsú cáilíochta agus mapáladh iad siúd le Straitéis Dhigiteach IOM. Dá réir sin, tá plean cuimsitheach gníomhaíochta agus feabhsaithe cáilíochta do na trí bliana atá amach romhainn ar bun sa Rannóg TF.

*Tionscadal Wi-Fi*

Rinne Martin Lynch, Patrick Geary agus Andy Carroll suirbhé láithreán ar nascacht Wi-Fi chun 'baill dhubha' a shainaithint inár soláthar ar fud gach foirgnimh in IOM; is é an sprioc atá aige seo ná nascacht 'ar siúl i gcónaí' a chinntiú do gach ball foirne agus mac léinn. Tá an tionscadal seo mar bhunsprioc inghnóthaithe i bplean straitéiseach IOM agus rinneadh uasghrádú ar chórais Wi-Fi IOM mar thoradh air.


## Tionscadail Saoráidí agus Eastát

Bliain ghnóthach a bhí inti do Shaoráidí agus Eastáit agus thugamar aghaidh ar roinnt ceisteanna a tháinig chugainn ón nGrúpa um Pleanáil Teagmhasachta agus i dtaca le grúpaí sláinte agus sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus tógáil, agus muid ag leanúint d'aire a thabhairt don Champas agus ag cur fáilte roimh líon méadaithe mac léinn.

Ba í an obair ba mhó a rinneadh ná dhá sheomra ranga a chruthú i Halla Naomh Pádraig. Bhí a lán oibre le déanamh taobh istigh chun an seanbhonneagar agus roinnt ballaí deighilte a bhaint amach. I gcomhar leis an rannóg TF agus Ríomhfhoghlama, d'athchóiríomar Seomra na Ríomhairí agus tá an spás feabhsaithe go mór agus é níos comhoibríche agus níos solúbtha mar gheall ar an suíochánra nua.

Tá 50KwH PV gréine á sholáthar tar éis do phainéil ghréine PV a bheith suiteáilte ar dhíon Halla Nagle Rice agus thacaigh Veolia agus roinnt cistiú deontais ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann leis seo. Cuireadh le méid Seomra Corpacmhainne na Mac Léinn mar gheall ar an áit stórála nua agus glacadh go maith leis an nasc siúil idir Clós na Mainistreach agus Clós na Mac Léinn. Feabhsaíodh soilsiú sa Champas, baineadh amach roinnt crann a bhí ag fáil bháis agus suiteáladh umair nua uisce i Halla Naomh Pádraig. Rinneadh suirbhé leictreachais ar an díon ar fhoirgneamh Naomh Muire, rinneadh obair dheisiúcháin agus cuireadh príomhchlár nua leictreachais isteach.

Tá Cairn tar éis tosú ar an Teach Geata a thógáil agus beidh sé seo mar bhunáit ag an bhfoireann slándála nuair a bheidh sé críochnaithe; feabhsófar rochtain feithiclí ar an gCampas freisin dá bharr.










# Buaicphointí na Bliana!

Tá réimse leathan seirbhísí ar fáil againn anseo in Institiúid Oideachais Marino trí mheán na Gaeilge. Déantar freastal ar mhic léinn, ar bhaill foirne agus ar chuairteoirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ar an gCampas. Tá IOM tiomanta do mheas a bheith againn ar thraidisiúin chultúrtha agus teanga na hÉireann chomh maith le bheith inár mbaill de phobal an domhain. I gcomhthéacs na hionchuimsitheachta agus oideachais do mhúinteoirí, tá tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeilge i Marino. Idir an Scéim Chónaithe trí mheán na Gaeilge agus an Cumann Gaelach, eagraíonn ag Roinn na Gaeilge agus an Cumann Gaelach an-chuid imeachtaí agus deiseanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hInstitiúide do bhaill foirne agus do na mac léinn.

### Oide na Ceirde: Aistí d'Aodán Mac Suibhne in Ómós a Shaothair san Oideachas

Rinne an Dr Marie Whelton agus an Dr Claire Dunne eagarthóireacht ar chnuasach aistí d'Aodán Mac Suibhne mar gheall ar an gcion a rinne sé i saol na Gaeilge agus i saol an oideachais. Tá aistí sa chnuasach ó pheann na ndaoine seo a leanas: Caoileann Ní Dhonnchadha, Caoimhe Máirtín, an Dr Claire M. Dunne, an Dr Cui Ying Gao, Denis Forde, Diarmaid Ó Murchú, Éamon Ó Murchú, an Dr Gene Mehigan, an Dr Josie Nugent, an tOll. Liam Mac Mathúna, Madeleine Ní Ghallchobhair, an Dr Máire Nic an Bhaird, an Dr Máire Nuinseann, an Dr Marie Whelton, Pat Fanning, Peadar Mac Giolla Bhríghde, Peadar Ó Conaire, Ray Mac Mánais, Seán de Brún, Tomás Ó Dochartaigh agus an Dr Treasa Kirk.

### Comhairliúchán Poiblí don Pholasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge

Bhí an-áthas ar Roinn na Gaeilge páirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí atá ar siúl ag an Roinn Oideachais chun polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a fhorbairt. Ba dheis iontach í ár dtaithí a roinnt maidir le tacú le scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta.

### Oireachtas na Gaeilge

Thug slua ó Institiúid Oideachais Marino, idir mhic léinn agus léachtóirí, aghaidh ar Chill Airne chun páirt a ghlacadh in Oireachtas na Samhna. Bhuaigh Ray Mac Mánais an chéad áit sa chomórtas Amhrán Nua-Chumtha, sa chomórtas Dráma Raidió agus an dara duais sa chomórtas Dreas Cainte. Bhuaigh Caoileann Ní Dhonnchadha an tríú duais sa chomórtas Lúibíní. Ghlac Claire Dunne páirt i bpainéal plé ar an scríbhneoir Cathal Ó Sándair.

### Ardsocrúchán Scoile sa Ghaeltacht

Thug an chéad ghrúpa den B.Oid. faoin Ardsocrúchán Scoile sa Ghaeltacht in Eanáir 2023. Ba dheis iontach í seo chun taithí a fháil ar an oideachas i scoileanna Gaeltachta agus maireachtáil sa phobal Gaelach. Thug Richeal Ní Thiarnaigh an-tacaíocht do na mic léinn le hiad a ullmhú don socrúchán speisialta seo.

### Cuntas Instagram Sceitimíneach

Chruthaigh Caoileann Ní Dhonnchadha cuntas Instagram Sceitimíneach chun postálacha rialta a roinnt leis na mic léinn maidir le smaointe do mhúineadh na Gaeilge, frásaí cabhracha agus samplaí de mhíreanna gramadaí i gcomhthéacs. Tá go leor leantóirí againn cheana féin!




# Buaicphointí na Bliana!

### Seachtain na Gaeilge

Bhí an-áthas ar Roinn na Gaeilge agus ar an gCumann Gaelach An Cheathrú Ghaeltachta a athoscailt. D'eagraigh an tOifigeach Gaeilge Robbie Irwin go leor imeachtaí spreagúla do Sheachtain na Gaeilge ina measc turas go Ráth Chairn, céilí agus biongó.

### Céilí House

Rinneadh taifeadadh ar an gclár Céilí House i Marino faoi stiúir an Dr Edmond Gubbins and an Dr Máire Nuinseann. Ghlac go leor daoine ó phobal Institiúid Oideachais Marino páirt ann.

### Cuairt Laureate na nÓg

Thug Laureate na nÓg Áine Ní Ghlinn cuairt ar an gcampas agus labhair sí le BOid3 mar gheall ar a tionscadal An Bosca Leabharlainne. Ghlac na mic léinn páirt i ngníomhaíochtaí spreagúla chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn mar chaitheamh aimsire.

### Gaeilge na hAlban

Thacaigh an Dr Marie Whelton le beirt mhac léinn, Alex Mac Seóin agus Tríona Ní Shúilleabháin agus iad ag cur isteach ar Scéim Miondeontas Cholmcille. Comhghairdeas le Alex agus Tríona as sparánacht a ghnóthachtáil chun tréimhse a chaitheamh i Sabhal Mòr Ostaig ar an Eilean Sgitheanach chun Gaeilge na hAlban a fhoghlaim.

### Conradh an BOid

Is cúis mhór áthais dúinn gur éirigh le hInstitiúid Oideachais Marino an conradh a bhuachan don BOid arís. Chuaigh Aodán Mac Suibhne, Caoileann Ní Dhonnchadha, an Dr Claire Dunne agus an tUachtarán, an tOll. Teresa O'Doherty go dtí an Roinn Oideachais chun bualadh leis an Aire Oideachais, Norma Foley, ar an 31 Bealtaine chun an conradh nua a fhógairt go hoifigiúil.








# Cóiríocht Fóirdheontais

AG IOM

Cuireadh an chóiríocht ar fad ar an láthair don bhliain acadúil 2023-2024 in áirithe sular cuireadh tús le ranganna. Maidir leis an gcóiríocht seo a chur ar fáil dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu léi, cuirfear béim sna teachtaireachtaí ábhartha ar ár n-iarracht a bheith ionchuimsitheach do dhaoine atá ag bogadh go Baile Átha Cliath chun tabhairt faoi staidéar ag IOM, daoine ó chúlraí éagsúla agus daoine neamhthraidisiúnta.



### Cóiríocht ar an gcampas

Is iad Eber a chuireann cóiríocht ar fáil ar an gcampas agus tá siad lonnaithe ar shuíomh áisiúil ar an gcampas. Athchóiríodh na hárasáin le gairid chun freastal ar riachtanais na mac léinn agus tá troscán agus fearais nua-aimseartha iontu. Tá a s(h)eomra leapa féin ag gach mac léinn ina bhfuil leaba dhúbailte bheag, chomh maith lena s(h)eomra folctha féin ina bhfuil cithfholcadán. Tá córas eochairchárta i bhfeidhm i gcomhair rochtain shlán agus áisiúil ar na hárasáin. Cuirtear cumhdach slándála ar fáil chun sábháilteacht na gcónaitheoirí a chinntiú.

Cuireann Eber béim sa bhreis ar an ngné shóisialta de shaol an mhic léinn agus cuireann siad a lán deiseanna ar fáil do na cónaitheoirí bualadh le chéile. Bíonn gníomhaíochtaí – tráth na gceist, cóisirí bréigéide agus oícheanta scannán, cuir i gcás – ar bun acu.

### Scéim Cóiríochta do Mhic Léinn IOM, 2023 - 2024

Cuireadh Scéim Cóiríochta do Mhic Léinn IOM i bhfeidhm chun tacaíocht atá ag teastáil go géar a chur ar fáil dár mic léinn chéadbhliana atá ag teacht isteach agus iad ag tosú amach ar an gcéad bhliain dár saol nua agus spreagúil sa choláiste. Tá an scéim dírithe orthu siúd atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch. In 2022-2023, thairg IOM suas le 8 seomra aonair den chóiríocht ar an gcampas ar ráta laghdaithe, €160 in aghaidh na seachtaine, do mhic léinn chéadbhliana. Bhí líon beag seomraí dhá leaba ar fáil i mbliana ar ráta €125 in aghaidh na seachtaine.

### Cáilitheacht

Faoi Scéim Cóiríochta do mhic léinn IOM bronnfar áiteanna ar mhic léinn chéaduaire, atá i mbun staidéar ag IOM agus arb as teaghlaigh ísealioncaim iad, don chéad bhliain dár staidéar agus tabharfar tús áite do na daoine seo a leanas:

- Mic léinn HEAR
- Mic léinn DARE
- Mic léinn ó limistéar ainmnithe Gaeltachta
- Mic léinn faoi mhíchumas
- Mic léinn lánfhásta chéaduaire
- Bail den Phobal Taistealaithe agus de Phobal na Romach
- Daoine ar bronnadh duaiseanna breisoideachais orthu
- Tuismitheoirí aonair a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh atá tástáilte ó thaobh acmhainne de
- Mionlaigh eitneacha
- Dídeanaithe, daoine a bhfuil cead fanachta acu, agus Iarrthóirí Tearmainn

### Cóiríocht lasmuigh den champas

Bíonn cóiríocht lasmuigh den champas ar fáil i gcóngar an choláiste de ghnáth. Ní ghlacann an coláiste páirt in idirbheartaíocht, comhaontuithe cíosa ná conarthaí le húinéirí na dteaghaisí sin.






# Buaicphointí Airgeadais


AG IOM

Is é an t-ioncam iomlán don bhliain airgeadais de réir na ndréachtráiteas airgeadais ná €17.036 milliún agus ba é an líon mac léinn ná 1,355, ar méadú breise 3% é sin sa líon mac léinn.



| | 2018-2019 | 2019-2020 | 2020-2021 | 2021-2022 | 2022-2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam iomlán (€000s) | € 14,459 | € 13,866 | € 13,554 | € 16,645 | € 17,036 |
| Líon Mac Léinn | 1,065 | 1,129 | 1,278 | 1,313 | 1,355 |
| Méadú ar an Líon Mac Léinn | 25% | 6% | 13% | 3% | 3% |





www.mie.ie

Instituid Oideachais Marino Institute of Education

An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin

Trinity College Dublin
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
The University of Dublin